



NAMHAID NA CEIRDE

GAN Í A FHOGHLAIM

TUARASCÁIL AR FHEASACHT TEANGA NA GCLEACHTÓIRÍ SAN EARNÁIL TUMOIDEACHAIS

AN DR GEARÓID Ó DOMAGÁIN

OLLSCOIL ULADH

Meitheamh 2023

Ábhar

Clár na léaráidí	3
Clár na n-aguisíní	6
Clár na nod	7
An taighdeoir	8
Achoimre fheidhmeach	9
Réasúnaíocht, cúlra agus comhthéacs	16
Eochairchoincheapa agus athbhreithniú litríochta	19
Ceisteanna taighde	26
Modheolaíocht	27
Torthaí agus plé - Oiliúint tosaigh - Cultúr teanga na scoileanna - Úsáid, fios agus muinín teanga - Cleachtadh sa tseomra ranga Riachtanais oiliúna	29
Conclúidí	75
Moltaí	78
Liosta tagairtí	80
Aguisíní	85

Clár na léaráidí

Léaráid 1: An creatlach feasachta teanga [<i>Language awareness framework</i>] (Lindahl, 2016)	20
Léaráid 2: Creatlach FCÁT [<i>CLIL Framework</i>], glactha ó Coyle (2009)	22
Léaráid 3: Ceisteanna taighde	27
Léaráid 4: Modheolaíocht	28
Léaráid 5: Achoimre ar na freagraí a fuarthas	30
Léaráid 6: Réimsí faoi choinne anailíse	31
Léaráid 7: Cúlra teanga (Múinteoirí)	31
Léaráid 8: Cúlra teanga (Cúntóirí)	31
Léaráid 9: Béim ar an Ghaeilge (Ceannairí)	32
Léaráid 10: Béim ar an Ghaeilge (Múinteoirí)	32
Léaráid 11: Muinín sa chumas teanga ar chríochnú na gcúrsaí (Múinteoirí)	33
Léaráid 12: Oideolaíocht teanga ar chúrsaí (Ceannairí)	34
Léaráid 13: Oideolaíocht teanga ar chúrsaí (Múinteoirí)	34
Léaráid 14: Muinín sa chumas leis an teanga a mhíniú ar chríochnú na gcúrsaí (Múinteoirí)	34
Léaráid 15: Muinín sa chumas teanga ar chríochnú gcúrsaí (Cúntóirí)	35
Léaráid 16: Muinín sa chumas leis an teanga a mhíniú ar chríochnú na gcúrsaí (Cúntóirí)	35
Léaráid 17: An Ghaeilge mar chritéar poist (Múinteoirí)	36
Léaráid 18: An Ghaeilge mar chritéar poist (Cúntóirí)	36
Léaráid 19: An Ghaeilge mar chritéar poist (Ceannairí)	37
Léaráid 20: Measúnú ar inniúlacht (Ceannairí)	37
Léaráid 21: Polasaí teanga sa scoil (Ceannairí)	38
Léaráid 22: Polasaí teanga sa scoil (Múinteoirí agus Cúntóirí)	38
Léaráid 23: Plé ar an chultúr teanga (Ceannairí, Múinteoirí, Cúntóirí)	38
Léaráid 24: An ndéantar meantóireacht ar fhostaithe nua? (Dar le ceannairí)	40
Léaráid 25: Ar tugadh meantóir duit? (Dar le múinteoirí)	40
Léaráid 26: Ar tugadh meantóir duit? (Dar le cúntóirí)	40
Léaráid 27: Béim ar cheartúsáid na Gaeilge (Dar le ceannairí)	41
Léaráid 28: Béim ar cheartúsáid na Gaeilge (Dar le múinteoirí)	41
Léaráid 29: Béim ar cheartúsáid na Gaeilge (Dar le cúntóirí)	41
Léaráid 30: An bpléann comhghleacaithe ceisteanna teanga? (Dar le ceannairí)	43
Léaráid 31: An bpléann comhghleacaithe ceisteanna teanga? (Dar le múinteoirí)	43
Léaráid 32: An bpléann comhghleacaithe ceisteanna teanga? (Dar le cúntóirí)	43

Léaráid 33: An ndéanann comhghleacaithe léamh profaí ar obair a chéile? (Dar le ceannairí)	44
Léaráid 34: An ndéanann comhghleacaithe léamh profaí ar obair a chéile? (Dar le múinteoirí)	44
Léaráid 35: An ndéanann comhghleacaithe léamh profaí ar obair a chéile? (Dar le cúntóirí)	44
Léaráid 36: An gcuirfeá meancóg theanga in iúl do chomhghleacaí? (Dar le ceannairí)	45
Léaráid 37: An gcuirfeá meancóg theanga in iúl do chomhghleacaí? (Dar le múinteoirí)	45
Léaráid 38: An gcuirfeá meancóg theanga in iúl do chomhghleacaí? (Dar le cúntóirí)	46
Léaráid 39: Úsáid na Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh den tseomra ranga (Múinteoirí)	47
Léaráid 40: Úsáid na Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh den tseomra ranga (Cúntóirí)	47
Léaráid 41: An ndéanann tú acmhainní a chruthú? (Múinteoirí)	48
Léaráid 42: An bhfuil ort scríobh i nGaeilge? (Cúntóirí)	48
Léaráid 43: Leibhéal féinmheasúnaithe ar an CCTE [Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha] (Múinteoirí)	49
Léaráid 44: Leibhéal féinmheasúnaithe ar an CCTE (Cúntóirí)	49
Léaráid 45: Sásta leis an leibhéal Gaeilge agus muiníneach? (Múinteoirí)	49
Léaráid 46: Sásta leis an leibhéal Gaeilge agus muiníneach? (Cúntóirí)	49
Léaráid 47: Caighdeán na Gaeilge san fhoireann (Múinteoirí)	50
Léaráid 48: Caighdeán na Gaeilge san fhoireann (Cúntóirí)	50
Léaráid 49: An mbíonn cuid den fhoireann ag streachailt le heaspa muiníne? (Dar le ceannairí)	51
Léaráid 50: An mbíonn cuid den fhoireann ag streachailt le heaspa muiníne? (Dar le múinteoirí)	51
Léaráid 51: An mbíonn cuid den fhoireann ag streachailt le heaspa muiníne? (Dar le cúntóirí)	51
Léaráid 52: Úsáid na Gaeilge san fhoireann (Dar le ceannairí)	52
Léaráid 53: Úsáid na Gaeilge san fhoireann (Dar le múinteoirí agus cúntóirí)	52
Léaráid 54: An gcuireann tú do chuid Gaeilge in oiriúint do na daltaí? (Múinteoirí agus Cúntóirí)	53
Léaráid 55: An dtéann an Ghaeilge a úsáideann tú sa rang i bhfeidhm ar an Ghaeilge a úsáideann tú taobh amuigh den rang? (Múinteoirí agus Cúntóirí)	53
Léaráid 56: Sásta an curaclam ar fad a theagasc trí Ghaeilge? (Múinteoirí)	54
Léaráid 57: Sásta an curaclam ar fad a theagasc trí Ghaeilge? (Cúntóirí)	54
Léaráid 58: Muiníneach ag míniú foirmeacha cearta Gaeilge? (Múinteoirí)	55
Léaráid 59: Muiníneach ag míniú foirmeacha cearta Gaeilge? (Cúntóirí)	55
Léaráid 60: Dúshlán ar leith (Dar le cúntóirí, múinteoirí, ceannairí)	56

Léaráid 61: An bhfuil tionchar ag inniúlacht an chleachtóra ar dhaltaí? (Dar le ceannairí, múinteoirí agus cúntóirí)	58
Léaráid 62: An amharcann cleachtóirí orthu féin mar eiseamláirí teanga? (Dar le ceannairí, múinteoirí agus cúntóirí)	58
Léaráid 63: Cé acu cur chuige is fearr? (Dar le ceannairí)	59
Léaráid 64: Cé acu cur chuige is fearr? (Dar le múinteoirí)	59
Léaráid 65: Cé acu cur chuige is fearr? (Dar le cúntóirí)	59
Léaráid 66: Cá háit ar chóir béim a chur? (Dar le ceannairí, múinteoirí agus cúntóirí)	59
Léaráid 67: Béim ar Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha - FCÁT (Dar le ceannairí)	60
Léaráid 68: Béim ar FCÁT (Dar le múinteoirí)	60
Léaráid 69: Béim ar FCÁT (Dar le cúntóirí)	51
Léaráid 70: An ndéanann tú Gaeilge labhartha na ndaltaí a cheartú? (Múinteoirí)	62
Léaráid 71: An ndéanann tú Gaeilge labhartha na ndaltaí a cheartú? (Cúntóirí)	62
Léaráid 72: An ndéanann tú Gaeilge labhartha na ndaltaí a cheartú? (Múinteoirí)	62
Léaráid 73: An ndéanann tú Gaeilge labhartha na ndaltaí a cheartú? (Cúntóirí)	62
Léaráid 74: Cé acu ráiteas atá fíor? (Dar le múinteoirí)	63
Léaráid 75: Cé acu ráiteas atá fíor? (Dar le cúntóirí)	63
Léaráid 76: Cé chomh minic agus a phléitear riachtanais oiliúna? (Dar le ceannairí)	65
Léaráid 77: Cé chomh minic agus a phléitear riachtanais oiliúna? (Dar le múinteoirí)	65
Léaráid 78: Cé chomh minic agus a phléitear riachtanais oiliúna? (Dar le cúntóirí)	65
Léaráid 79: An dtugtar a lán deiseanna oiliúna don fhoireann? (Dar le ceannairí)	66
Léaráid 80: An dtugtar a lán deiseanna oiliúna don fhoireann? (Múinteoirí)	66
Léaráid 81: An dtugtar a lán deiseanna oiliúna don fhoireann? (Cúntóirí)	67
Léaráid 82: An bhfuil tú sásta le cúrsaí an ÚO? (Múinteoirí)	67
Léaráid 83: An bhfuil tú sásta le cúrsaí an ÚO? (Cúntóirí)	67
Léaráid 84: An gcuireann an tÚO go leor béime ar uasoiliúint teanga? (Dar le ceannairí)	68
Léaráid 85: An gcuireann an tÚO go leor béime ar uasoiliúint teanga? (Dar le múinteoirí)	68
Léaráid 86: An gcuireann an tÚO go leor béime ar uasoiliúint teanga? (Dar le cúntóirí)	69
Léaráid 87: An bhfuil tú ar an eolas faoi Mhol Gaeloideachais an ÚO? (Ceannairí)	70
Léaráid 88: An bhfuil tú ar an eolas faoi Mhol Gaeloideachais an ÚO? (Múinteoirí)	70
Léaráid 89: An bhfuil tú ar an eolas faoi Mhol Gaeloideachais an ÚO? (Cúntóirí)	70
Léaráid 90: An bhfuil sé furasta deiseanna oiliúna a aimsiú? (Dar le múinteoirí)	71
Léaráid 91: An bhfuil sé furasta deiseanna oiliúna a aimsiú? (Dar le cúntóirí)	71
Léaráid 92: Constaicí roimh an oiliúint (Dar le ceannairí, múinteoirí agus cúntóirí)	72

Léaráid 93: Cúrsaí spéise (Dar le ceannairí, múinteoirí agus cúntóirí)	73
Léaráid 94: An mbeadh tábhacht le cúrsaí creidiúnaithe? (Dar le ceannairí, múinteoirí agus cúntóirí)	74
Léaráid 95: Cé atá freagrach as oiliúint a chur ar fáil? (Dar le ceannairí)	75
Léaráid 96: An modh staidéir is fabhraí. (Ceannairí, Múinteoirí agus Cúntóirí)	76

Clár na n-aguisíní

1.	Suirbhé na gceannairí	85
2.	Suirbhé na múinteoirí	94
3.	Suirbhé na gcúntóirí ranga	105
4.	Cáilíochtaí san earnáil (i measc na bhfaisnéiseoirí)	116
5.	Leibhéil CCTE	118
6.	Sainoiliúint ón ÚO ar an Ghaeloideachas 2023	119
7.	Acmhainn shamplach ón Mhol Gaeloideachais	121
8.	Foirm féinmheatsóireachta	122
9.	Measúnuithe tagarmharcáilte CCTE do chleachtóirí Gaeloideachais	129
10.	Cúrsaí saincheaptha do chleachtóirí Gaeloideachais	132

Clár na nod

CCTE	Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
FCÁT	Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga
CnaG	<i>Comhairle na Gaelscolaíochta</i>
RO	An Roinn Oideachais
(An t)ÚO	(An t)Údarás Oideachais
CGMTÉ	An Chomhairle Ghinearálta Múinteoireachta Thuaisceart Éireann
T1	An chéad teanga (Béarla)
T2	An dara teanga (Gaeilge)
FGM	Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí

An Taighdeoir



Rinne an Dr Gearóid Ó Domagáin staidéar ar Theanga agus Litríocht na Gaeilge in Ollscoil Uladh, áit ar bhain sé céadonóracha amach in 2005. Gníthaigh sé PhD in 2009 le staidéar ar an teagmháil agus ar an athrú teanga i nGaeltacht Dhún na nGall. Bhí sé ag obair mar Chomhalta Taighde de chuid an RCUK le Foclóireacht (2009 – 2011) agus mar Chomhalta Acadúil sa Léann Éireannach agus Ceilteach (2011 – 2014). Is léachtóir lánaimseartha le Gaeilge é in Ollscoil Uladh ó 2014 agus bíonn sé ag teagasc na Gaeilge, na litríochta, na canúineolaíochta agus na sochtheangeolaíochta. Is iad an fhoclóireacht, an caighdeánú teanga, an teangeolaíocht teagmhála agus an sealbhú teanga sa tumoideachas na príomhspéiseanna taighde atá aige.

<https://orcid.org/0000-0003-0651-6545>

g.odomagain@ulster.ac.uk

Achoimre fheidhmeach

Tugann Andrews (2003), Lindahl (2016) agus Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh (2021) le fios go bhfuil tionchar suntasach ag inniúlacht teanga na múinteoirí tumoideachais ar a gcumas le bheith ina n-éascaitheoirí faoi choinne foghlaim T2. Ní hamháin go bhfuil torthaí oideachais agus teanga na ndaltaí tumoideachais ag brath ar chumas na múinteoirí le cothromaíocht a aimsiú idir teagasc teanga agus gnáthfhorbairt churaclaim, ach braitheann siad fosta ar a gcumas le bheith ag feidhmiú mar eiseamláirí teanga, mar idirghabhálaithe teanga, mar mheasúnóirí teanga agus mar sholáthraithe teanga sa tseomra ranga. Taobh istigh de scoileanna ar leith, bíonn tionchar ag éiteas na scoile, bainistiú na scoile, tacaíocht ranga agus pobal na scoile ar cé acu atá nó nach bhfuil cultúr agus scileanna na scoile fabhrach d'fhoghlaim T2. Dar ndóigh, tá tionchar díreach ag an fhís, an beartas, agus an tacaíocht ón RO agus ón ÚO ar chumas na scoileanna agus na gcleachtóirí aonair le barr cumais na ndaltaí dátheangacha ardaidhmeannacha seo a bhaint amach.

Is foghlaimeoirí T2 iad an chuid is mó de na cleachtóirí i nGaelscoileanna, a bhíonn ag maireachtáil agus ag obair i sochaí atá aonteangach den chuid is mó, agus bíonn siad fostaithe i gcóras oideachais a cruthaíodh do theanga an fhormhóir, ní nach ionadh. Mar sin de, ní cáineadh é ar chumas, gairmiúlacht ná díograis na gcleachtóirí seo a rá gur scil ghairmiúil í a bhfeasacht teanga, i dtaca lena bhfeidhmiú teanga agus a gcuid eolais ar oideolaíocht teanga - agus cosúil le scil ar bith eile atá ag cleachtóirí éifeachtacha, ní mór í a chothú le himeacht ama. Is iad oiliúint tosaigh agus FGL (FGM) an freagra air seo.

Chun oiliúint éifeachtach teanga a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, sa chéad dul síos tá orainn suirbhé agus anailís a dhéanamh ar na bearnaí eolais agus na constaicí ar leith roimh an fhéinfheabhsú san earnáil faoi láthair. Tá sé ciallmhar amharc ar chleachtais agus deiseanna oiliúna atá ann faoi láthair agus iad a chur i gcomparáid leis na heispéiris agus torthaí taighde i ndlínsí eile.

Mar fhreagairt air seo, agus de bharr na moltaí in *A Fair Start Policy Report*, a deir “DE should provide additional focused support for the Irish Medium sector in the form of educational resources, Initial Teacher Education, TPL and leadership training”, rinne an RO an tionscadal seo a leanas a mhaoiniú.

Rinneadh an taighde i measc sampla cleachtóirí, i sampla Gaelscoileanna i dTuaisceart Éireann idir Mí na Samhna agus Mí an Mhárta 2023, ag úsáid sonraí ó cheistneoir, agallamh agus fócasghrúpa.

Tá meascán de thaighde deisce agus taighde allamuigh sa tuarascáil seo a bhfuil sé mar aidhm aici cur leis an tuiscint s'againn ar an phróifíl bhonnlíne inniúlachta san earnáil. I measc na réimsí atá clúdaithe, tá oiliúint tosaigh teanga, cultúr teanga na scoileanna, úsáid na teanga, meonta agus muinín i measc cleachtóirí, cleachtais ranga lena n-áirítear Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT), agus riachtanais oiliúna teanga. Cruthaíodh sraith trialacha inniúlachta, tagarmharcáilte ag an Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE), sa dóigh is gur féidir le ceannairí agus cleachtóirí aonair bonnlíne a leagan dá n-inniúlacht teanga. Cruthaíodh uirlis féinmheasúnaithe do chleachtóirí aonair sa dóigh is gur féidir leo a riachtanais oiliúna a aithint agus a bheith treoraithe chuig deiseanna oiliúna atá ar fáil. Ar deireadh, cuirtear moltaí ar fáil do chleachtóirí aonair, ceannairí scoile, CnaG, an tÚO, an RO agus institiúidí tríú leibhéal ar an dóigh le próifílí teanga a neartú i scoileanna agus tugtar mionsonraí ar chláir oiliúna saincheaptha a chaithear a dhearadh leis na bearnaí reatha sa tsoláthar a dhruim.

Príomh-thorthaí

I suíomhanna Gaeloideachais, tá dlúthcheangal idir dea-thorthaí oideachais agus cothú rathúil na hinniúlachta T2. Ní féidir le hoideolaíocht éifeachtach i suíomh tumoideachais a bheith go hiomlán éifeachtach ach más féidir leis an mhúinteoir déileáil go tairbheach agus go muiníneach leis an fhoghlaim tríd an sprioctheanga theagaisc. Níor chóir amharc ar chumas labhartha na teanga mar an t-aon chritéar do rath teanga - ní mór díriú ar fheasacht teanga i gcomhthéacs níos leithne. Ní mór do gach múinteoir i suíomhanna Gaeloideachais, beag beann ar an ábhar, a ndícheall a dhéanamh a bheith ina n-úsáideoirí, ina n-anailísithe agus ina dteagascóirí cumasacha teanga.

Chomh maith leis sin, ní an múinteoir amháin a théann i bhfeidhm ar rath an dalta maidir le T2 a shealbhú agus a fhoghlaim. Tá ról lárnach ag cúntóirí ranga san fhorbairt seo, mar aon le ceannairí scoile a bhfuil sé de dhualgas orthu cultúr agus fíis a chruthú do theanga agus feabhas oideachais. Ar an ábhar seo, tá an taighde seo ag plé le cleachtóirí seachas le múinteoirí amháin chun anailís níos mó a dhéanamh ar na tionchair theanga ar dhaltaí.

- Oiliúint tosaigh

Conairí éagsúla dírithe ar chumas teanga

Ní raibh ach cainteoir dúchais amháin ón Ghaeltacht i measc na bhfreagróirí. Cé nach ionadh é sin, léiríonn sé gur foghlaimoirí iad na daoine is inniúla san earnáil ó thaobh na teanga de. Ní cáineadh ná ábhar imní é seo, ach léiríonn sé go bhfuil cleachtóirí Gaeloideachais ar thuras teanga iad féin nach stopann agus iad fostaithe in earnáil an Ghaeloideachais.

Tá réimse conairí ann trína dtagann cleachtóirí isteach i bhfostaíocht san earnáil, agus tá tionchar díreach ag na conairí seo ar a bhfeasacht agus muintín teanga. Rinne roinnt múinteoirí speisialtóireacht sa Ghaeilge, agus mar sin de, tá sainoiliúint teanga acu. Rinne cuid eile cúrsaí ina bhfuil gné theanga. De réir cosúlachta, tugann na cúrsaí seo an oiliúint teanga atá de dhíth, i ndiaidh anailíse, áfach, níl an oiliúint leanúnach, dian, ná dírithe ar gach réimse den fheasacht teanga. Ar an taobh eile den scála, tá múinteoirí againn a dhéanann speisialtóireacht in ábhar eile nach Gaeilge é, agus nach bhfuair fíor-oiliúint teanga ar bith. Sna cláir theagaisc, ar nós TICO, ní nach ionadh go gcuirtear an bhéim ar scileanna ginearálta teagaisc, agus bíonn sé ag brath go hiomlán ar an chúrsa féin cad é mar a dhírítear ar theagasc trí Ghaeilge. Dearbhaíonn 100% de na ceannairí agus 69% de na múinteoirí a ndearnadh suirbhé orthu go bhfuil easpa oiliúna teanga sna cúrsaí reatha; deir 100% de cheannairí agus 39% de mhúinteoirí nach gcuirtear go leor béime ar oideolaíocht teanga. Deir 42% de mhúinteoirí nach raibh siad muintíneach as a gcumas teanga nuair a bhain siad an chéim amach, agus deir 54% nach raibh siad muintíneach leis an teanga a theagasc.

Tá an mhuinín atá tuairiscithe i gcumas teanga ard i measc cúntóirí ranga (74%), agus 67% de na freagróirí ag maíomh go bhfuil siad muintíneach as a gcumas leis an teanga a mhíniú do dhaoine eile. Is ábhar iontais é seo ó tharla go bhfuil réimse leathan cáilíochta acu. Ina measc, tá daoine nach bhfuil ach cáilíochtaí TGMO acu agus daoine a bhfuil céim acu sa Ghaeilge nó in ábhar eile. Níl saincháilíocht shoiléir ar bith de dhíth leis an phost seo a dhéanamh, agus faigheann go leor acu a gcáilíochta teanga agus iad fostaithe cheana féin.

- Cultúr teanga na scoileanna

Tiomantas láidir don Ghaeilge ach gan cur chuige comhaontaithe

I bhfianaise na dtorthaí, níl amhras ar bith ann go bhfuil na scoileanna, na haonaid agus na sruthanna Gaeilge tiomanta do bharr feabhais teanga. Is réamhriachtanas don fhostaíocht í inniúlacht sa Ghaeilge;

ní dhéantar é seo a thástáil go foirmiúil de ghnáth, áfach, agus déantar an chuid is mó de na cinntí bunaithe ar cháilíochtaí nó ar roinnt ceisteanna sa teanga le linn an agallaimh.

Tá éiteas, fíis agus cur chuige teanga na scoileanna léirithe i bpolasaí teanga na scoile. Tá polasaí teanga ag na scoileanna uilig a d'fhreagair agus deir 60% de na ceannairí go ndéanann siad é a phlé le hearcaigh nua. Mar sin féin, níl sé seo ag teacht le dearcadh na foirne, mar deir 45% de na múinteoirí agus na cúntóirí ranga a ndearnadh suirbhé orthu nach ndearnadh é a phlé leo.

Deir 54% de mhúinteoirí agus 84% de chúntóirí nár tugadh meantóir dóibh ag an tús, agus cé go maíonn cuid acu gur freagraíodh a gcuid ceisteanna agus go raibh comhairle ar fáil, deir go leor acu go raibh orthu foghlaim de réir a chéile siocair go raibh na baill foirne eile róghnóthach le meantóireacht a thabhairt, tacaíocht teanga san áireamh.

- **Cumas, úsáid agus muinín na teanga**

- **Contanam de chumais agus muinín**

Mar a bheifeá ag súil leis, ó tharla go bhfuil siad ag obair i dtimpeallacht tumoideachais, measann 65% de mhúinteoirí go bhfuil siad iontach inniúil (C2) nó ar ardchaighdeán (C1) de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CCTE), agus maíonn 63% de chúntóirí go bhfuil siad ag leibhéal C1/C2. Dá ainneoin sin, deir 81% de mhúinteoirí agus 74% de chúntóirí go dtiocfadh leo a gcumas teanga a fheabhsú, cé go bhfuil siad measartha muiníneach. Maíonn níos mó ná 80% den dá dhream go bhfuil leibhéal sásúil Gaeilge ag cleachtóirí eile sna scoileanna s'acu ach tugann siad le fios go bhfuil leibhéal éagsúla ina measc. Deir 77% de cheannairí, 74% de mhúinteoirí agus 79% de chúntóirí go bhfuil baill den fhoireann ranga a bhíonn ag streachailt lena muinín teanga, agus admhaíonn 42% de na múinteoirí agus 58% de na cúntóirí a ceistíodh go mbíonn roinnt deacrachtaí acu ag déileáil le codanna den churaclam trí Ghaeilge.

Maidir le dúshlán airithe teanga, tá úsáid na gramadaí cirte sa Ghaeilge labhartha agus scríofa ar na deacrachtaí is mó a luaitear go ginearálta, agus deir 52% de chúntóirí go mbíonn siad ag streachailt leis an stór focal. Tuairiscítear réimse dúshlán eile, ina measc, tá an cumas le rialacha a mhíniú, an difear idir Gaeilge chaighdeánach agus chanúnach a thuiscint agus Gaeilge aduain a thuiscint.

Tá ar 92% den fhoireann teagaisc a ndearnadh suirbhé orthu a gcuid acmhainní Gaeilge féin a chruthú, agus tá ar 58% de chúntóirí ranga a bheith ag scríobh i nGaeilge, rud a thugann le fios go bhfuil ardchumas teanga de dhíth. Deir an chuid is mó de na freagróirí go bhfuil meon comhoibríthe agus

piarmheasúnaithe ann, ach is cosúil nach cultúr é seo in achan áit agus braitheann sé ar an fhoireann agus an méid ama atá ar fáil faoi choinne seo. Maíonn 63% de chúntóirí ranga go gceartódh siad meancóg ó chomhghleacaí dá dtabharfadh siad faoi deara í, agus deir 60% de cheannairí agus 68% de mhúinteoirí go mbeadh sé seo ag brath ar an duine agus an phearsantacht.

- **Cleachtas sa tseomra ranga**

Easpa eolais ar oideolaíocht teanga agus FCÁT

Admhaíonn 80% de na freagróirí ar fad go bhfuil tionchar ag cumas an chleachtóra ar thoradh teanga na ndaltaí. Tá Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) aitheanta mar mhodh éifeachtach le foghlaim teanga a chumasc le gach ábhar sa churaclam, agus tá meánscoil amháin ag tabhairt faoi chlár pólótach a bhfuil cuma na maitheasa air i dtaca leis seo. Mar sin féin, maíonn 69% de mhúinteoirí nach bhfuil eolas ar bith acu nó nach bhfuil ach giota beag eolais acu ar an chur chuige seo, agus ardaíonn sé seo go 84% i measc na gcúntóirí ranga. Creideann 60% de cheannairí gurb é léirtheagasc teanga an cur chuige is fearr, ach creideann 54% de mhúinteoirí agus 53% de chúntóirí gurb éifeachtaí an cur chuige cumaisc, agus luann 92% de na freagróirí ar fad gur gá cothromaíocht a aimsiú idir teagasc an ábhair agus teagasc na teanga.

- **Riachtanais oiliúna**

Riachtanais oiliúna teanga a bhfuil cúis leo agus constaicí praiticiúla roimh FGM/FGL

Tá suim san oiliúint bhreise ard, cé go maíonn 80% de cheannairí go gcuirtear deiseanna rialta oiliúna ar fáil don fhoireann, áfach, maíonn breis agus 60% de na múinteoirí agus 68% de na cúntóirí a ceistíodh nach gcuirtear go leor deiseanna ar fáil dóibh, le 62% de mhúinteoirí agus 42% de chúntóirí ag maíomh gurb annamh a bhíonn an comhrá ann.

Maíonn breis agus 50% de mhúinteoirí agus cúntóirí nach bhfuil siad ar an eolas faoin oiliúint a chuireann an tÚO ar fáil, agus deir formhór an dá dhream nach bhfuil siad ar an eolas faoi na hábhair atá ar fáil ar an Mhol Gaeloideachais nua a chruthaigh an tÚO. Tá an tuairim ann nach bhfuil béim ar oiliúint teanga ar chláir oiliúna an ÚO, agus deir formhór acu nach bhfuil siad ar an eolas faoi dheiseanna oiliúna atá ar fáil nó go bhfuil sé doiligh teach orthu. Tá na constaicí atá tuairiscithe roimh an oiliúint roinnte go measartha cothrom idir an t-am a fháil, an costas a íoc, a bheith spreagtha leis an obair a dhéanamh agus cúrsaí fóirsteanacha a aimsiú.

Léiríodh suim i gcúrsaí éagsúla agus bhí cúrsaí ar shaibhreas teanga, cúrsaí ar chruinneas teanga, agus cúrsaí ar theagasc na gramadaí ar na cinn is mó éilimh, b'fhearr i bhfad le daoine cúrsaí creidiúnaithe a theagasctar ar an láthair aghaidh ar aghaidh (59%) agus ansin cúrsaí aisioncronacha (29%).

Conclúid

Léiríonn na torthaí seo gur gá gan glacadh leis go bhfuil leibhéal arda d'fheasacht teanga ag daoine bunaithe ar an chumas atá tuairiscithe nó ar cháilíochtaí. Tá leibhéal éagsúla teanga i measc múinteoirí agus cúntóirí ranga agus tá sé thar a bheith tábhachtach cúlra teanga, conair foghlama agus leibhéal mhúiníne na gcleachtóirí a thuiscint, mar tá tionchar díreach acu seo ar inniúlachtaí taobh istigh de scoileanna agus idir scoileanna. Bíonn cothú, tacaíocht agus meantóireacht leanúnach de dhíth ar scileanna teanga i gcónaí, agus tá ar chleachtóirí agus ceannairí monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar a ngnóthachtáil teanga. Ní mór polasaí agus treoir shoiléir a bheith mar bhonn faoi seo lena chinntiú go mbíonn cleachtóirí ar an eolas faoina ról mar eiseamláirí teanga.

Lena chois sin, léiríonn an tuarascáil an tionchar suntasach atá ag inniúlacht teanga na gcleachtóirí agus ag an chultúr teanga go ginearálta sna scoileanna ar thorthaí teanga na ndaltaí. Faoi láthair, tá easpa feasachta agus saineolais ann maidir le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tugtar le fios sa tuarascáil fosta go bhfuil straitéisí níos fearr de dhíth faoi choinne aiseolas ó phiaraí agus piarmheasúnaithe, agus le haiseolas ceart teanga a chur ar fáil. Is féidir é seo a bhaint amach trí thuiscint níos fearr a fháil ar a ról mar anailísithe agus múinteoirí teanga.

Nuair is cuí, ba chóir do sholáthraithe na hoiliúna tosaigh athbhreithniú a dhéanamh ar an bhéim a chuireann siad ar inniúlacht teanga agus ar oideolaíochtaí teanga. Aontaíonn siad siúd ata cáilithe cheana féin go bhfuil feabhas de dhíth agus tugann siad le tuiscint go mbeadh siad toilteanach tabhairt faoi oiliúint. Mar sin féin, léiríonn an easpa sainoiliúna teanga mar aon le constaicí praiticiúla agus tosaíochtaí atá ag teacht salach ar a cheile go bhfuil práinn le cur chuige nua i leith na hoiliúna, a dhíríonn ar chúrsaí saincheaptha gaeleoideachais atá bunaithe ar an ghá atá ann seachas ar an ghá a mheastar a bheidh ann.

Moltaí

Caitheadh cleachtóirí aonair, ceannairí scoile agus an tÚO níos mó tuisceana a léiriú ar thábhacht na hinniúlachta teanga i gcomhthéacs níos leithne mar atá mínithe sa tuarascáil seo. Dar ndóigh tá scileanna ginearálta teagaisc thar a bheith tábhachtach, agus oibríonn an tÚO go crua i dtaca leis seo, ach tá inniúlacht teanga ina réamhriachtanas d'inniúlacht an chleachtóra san earnáil seo, ní féidir neamhaird a dhéanamh di mar sin. Is féidir cur chuige *laissez-faire, ad hoc*, píosa ar phíosa i leith na forbartha teanga a bheith ann mar gheall ar réchúis, ar thosaíochtaí atá ag teacht salach ar a chéile, ar easpa deiseanna fóirsteanacha agus ar na constaicí a shíltear a bheith roimh FGM/FGL. Mar atá léirithe, is féidir le measarthacht maidir le hinniúlacht teanga tionchar díreach a bheith aici ar thorthaí teanga na ndaltaí a bhíonn ag brath go mór ar an ionchur teanga atá curtha ar fáil i bpobal na scoile uile.

Cuirtear tús leis an fhorbairt teanga le linn na hoiliúna réamhsheirbhíse, mar sin de, moltar go láidir go gcuirtear daoine atá ag iarraidh a bheith ina gcleachtóirí Gaeloideachais ar an eolas faoin tábhacht atá leis na scileanna breise atá de dhíth le bheith rathúil san earnáil. Ba chóir dóibh, nuair is féidir, soláthraithe tríú leibhéal a roghnú a ndíríonn a gcúrsaí go mór ar inniúlacht teanga, eolas faisnéiseach ar theanga agus oideolaíocht teanga. Ní mór do na soláthraithe seo, agus curaclaim á gcur le chéile acu, tuiscint a bheith acu ar impleachtaí na bhfoghlaimoirí teanga a bheith ina n-eiseamláirí teanga. Ní mór dóibh fosta an spás a chur ar fáil sna cúrsaí leis an bhonn láidir teanga a thabhairt do dhaoine faoi oiliúint ónár féidir leo scileanna ginearálta teagaisc a foghlaim agus ansin a chur ar fáil sa rang. Ní hionann an réim theanga a úsáidtear sa tseomra ranga tríú leibhéal agus an réim a úsáidtear i naiscoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna; bíonn réimeanna áirithe teanga de dhíth ag na céimeanna éagsúla, mar sin de, dhéanfaidh sé maitheas do mhic léinn oiliúint a fháil ar na difríochtaí seo.

Ba chóir do cheannairí scoile agus cleachtóirí aonair atá ag obair san earnáil faoi láthair cuidiú le cultúr de bharr feabhais teanga a threisiú ina scoileanna, rud a chuireann le dea-chleachtas atá san earnáil cheana féin agus in áiteanna eile, agus a bhaineann leas as an dea-chleachtas sin, mar atá leagtha amach sa tuarascáil. Ba chóir dóibh úsáid a bhaint as na huirlisí measúnaithe atá curtha ar fáil sa tuarascáil le bonnlíne a leagan do chumas teanga agus muinín ina scoileanna. Ba chóir go mbeadh treoir shoiléir ann do na baill foirne siúd a bhfuil forbairt teanga de dhíth orthu, chuig na deiseanna oiliúna agus na soláthairtí atá ar fáil leis na constaicí roimh oiliúint bhreise a mhaolú.

Chomh maith le bealaí soiléire creidiúnaithe a chur ar fáil don fhorbairt teanga, ní mór don ÚO a bheith ag obair le CnaG agus le hinstiúidí tríú leibhéal le cúrsaí agus deiseanna saincheaptha don oiliúint

teanga a dhearadh, bunaithe ar an fhianaise sa tuarascáil seo. Is iad cláir iomlána tríú leibhéal an caighdeán is airde i dtaca leis seo; is gá, áfach, go mbíonn siad seo solúbtha agus fóirdheonaithe le ligean do chleachtóirí leas a bhaint astu. Dóibh siúd nach bhfuil ag an leibhéal sin, thig le cláir eile atá ar fáil iad a chur ar an bhealach seo. Sa ghearrthéarma, ba chóir cúrsaí gonta, fócasaithe, aitheanta a dhearadh agus a réachtáil ar bhonn píolótach ar an tsuíomh, le hábhar forbartha ar líne agus cúlta nuair is féidir.

Réasúnaíocht, cúlra agus comhthéacs

- Inniúlacht múinteoirí i suíomhanna Gaeloideachais

Meastar go bhfuil an tumoideachas ar na modhanna foghlama teanga is éifeachtaí agus is cumhachtaí atá ar fáil. Cuireann cur chuige an tumoideachais béim ar dheiseanna a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí an saol mar atá a fheiceáil, áit ar gá dóibh an sprioctheanga a úsáid le cumarsáid a dhéanamh inti. Trí dheis a thabhairt d'fhoghlaimoirí iad féin a thumadh i dtimpeallacht na sprioctheanga, thig leo foghlaim an dóigh leis an teanga a úsáid go nádúrtha gan smaoineamh, bíonn cumarsáid níos éifeachtaí agus inniúlacht iomlán teanga ann dá bharr.

Is iad na cleachtóirí an príomhbhealach leis an timpeallacht seo a chruthú agus an cultúr, an t-ionchur agus an treoir a chur ar fáil sna suíomhanna seo. Tá inniúlacht teanga na gcleachtóirí ríthábhachtach, mar sin, i dtaca le forbairt na bhfoghlaimoirí tumoideachais agus iad ag dul i dtaithe ar thimpeallachtaí nua teanga. Is léir ón taighde go dtig le múinteoirí a bhfuil inniúlacht ard acu sa sprioctheanga treoir theanga níos fiúntaí níos suimiúla a chur ar fáil, de bhrí go mbíonn siad níos oilte chun scileanna teanga a léiriú mar a bheadh cainteoir dúchais ann, agus tacaíocht teanga a chur ar fáil. Ina theannta sin, thig le cleachtóirí a bhfuil cumas teanga acu cuidiú le timpeallacht fhíor a chothú atá saibhir ó thaobh na teanga de, agus aiseolas fíor-ama ceartaitheach a chur ar fáil. Sna suíomhanna tumoideachais, ní hamháin gur rud inmhianaithe é inniúil teanga an mhúinteora ach is rud riachtanach é le sealbhú rathúil teanga a chinntiú.

Nuair nach mbíonn múinteoirí go hiomlán cumasach ar an sprioctheanga, thioctadh le daltaí barántúlacht an eispéiris tumoideachais a cheistiú. Thioctadh dó fosta go ndéanfadh siad sceipteachas a fhorbairt i dtaca leis an teanga atá á teagasc. Os a choinne sin, nuair a bhíonn múinteoirí an-inniúil ar an sprioctheanga, mothaíonn daltaí níos compordaí agus níos muiníní maidir lena gcumas le cumarsáid a dhéanamh. Is mó seans go rachaidh siad i mbun fíorchomhráite, go bhfoghlaimoidh siad stór focal nua,

agus go bhforbróidh siad tuiscint níos fearr ar an chultúr. Ar deireadh thiar, bíonn rath níos fearr ar an eispéireas tumoideachais dá bharr.

- **Gaelscoileanna**

Tá an earnáil Ghaeloideachais ar an earnáil oideachais is mó fás i dTuaisceart Éireann, “with a 70% increase in enrolments over the ten-year period from 2011 - 2021. There are approximately 7,500 children educated daily through the medium of Irish and allowing for this pattern of growth, those numbers will continue to rise with over 80 IME providers across Nursery, Primary and Post Primary levels.” (CnaG, 2022).

Léiríonn an fás seo go bhfuil tuismitheoirí muiníneach as an earnáil, agus cuidíonn torthaí iontacha na ndaltaí leis seo. Mar sin féin, tá brú ar sholáthar foirne ar cheann de na míbhuntáistí is mó a bhaineann le fás gasta mar seo. Tá 366 múinteoir agus 335 cúntóir ranga fostaithe san earnáil faoi láthair (CnaG, 2023). Tá ganntanas ar fud na hearnála, áfach, agus chonacthas seo go soiléir le linn phaindeim COVID-19, (féach Ó Domagáin, 2022), nuair nach raibh aon chúigiú de scoileanna ábalta na múinteoirí fóirsteanacha cáilithe a aimsiú leis an chlár Engage a chur i bhfeidhm. Is san iar-bhunscolaíocht atá an dúshlán is mó faoi láthair, ó tharla go bhfuil easpa múinteoirí sainiúla don ábhar, go háirithe sna hábhair ETIM, ar féidir leo a bheith ag teagasc trí Ghaeilge. Agus dá réir sin, bíonn tionchar ar rogha na ndaltaí ag EC4 agus Iar-16.

- **Réasúnaíocht don staidéar reatha**

Tugann Andrews (2003), Lindahl (2016) agus Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh (2021) le fios go bhfuil tionchar suntasach ag cumas teanga na múinteoirí tumoideachais ar a gcumas le bheith ina n-éascaitheoirí faoi choinne foghlaim T2. Ní hamháin go bhfuil torthaí oideachais agus teanga na ndaltaí tumoideachais ag brath ar chumas na múinteoirí le cothromaíocht a aimsiú idir teagasc teanga agus gnáthfhorbairt churaclaim, ach braitheann siad fosta ar a gcumas le bheith ag feidhmiú mar eiseamláirí teanga, mar idirghabhálaithe teanga, mar mheasúnóirí teanga agus mar sholáthraithe teanga sa tseomra ranga. Taobh istigh de scoileanna ar leith, bíonn tionchar ag éiteas na scoile, bainistiú na scoile, tacaíocht ranga agus pobal na scoile ar cé acu atá nó nach bhfuil cultúr agus scileanna na scoile fabhrach d’fhoghlaim T2. Dar ndóigh, tá tionchar díreach ag an fhís, an beartas, agus an tacaíocht ón RO agus ón ÚO ar chumas na scoileanna agus na gcleachtóirí aonair le barr cumais na ndaltaí dátheangacha ardaidhmeannacha seo a bhaint amach.

Is foghlaimeoirí T2 iad an chuid is mó de na cleachtóirí sna Gaelscoileanna, a bhíonn ag maireachtáil agus ag obair i sochaí atá aonteangach den chuid is mó, agus bíonn siad fostaithe i gcóras oideachais a cruthaíodh do theanga an fhorhóir, ní nach ionadh. Mar sin de, ní cáineadh é ar chumas, gairmiúlacht ná díograis na gcleachtóirí seo a rá gur scil ghairmiúil í a bhfeasacht teanga, i dtaca lena bhfeidhmiú teanga agus a gcuid eolais ar oideolaíocht teanga - agus cosúil le scil ar bith eile atá ag cleachtóirí éifeachtacha, ní mór í a chothú le himeacht ama. Is iad oiliúint tosaigh agus FGL (FGM) an freagra air seo.

Chun oiliúint éifeachtach teanga a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, sa chéad dul síos tá orainn suirbhé agus anailís a dhéanamh ar na bearnaí eolais agus na constaicí ar leith roimh an fhéinfheabhsú san earnáil faoi láthair. Tá sé ciallmhar amharc ar chleachtais agus deiseanna oiliúna atá ann faoi láthair agus iad a chur i gcomparáid leis na heispéiris agus na torthaí taighde i ndlínsí eile.

Mar fhreagairt air seo, agus de bharr na moltaí in A Fair Start Policy Report, ina deirtear *“DE should provide additional focused support for the Irish Medium sector in the form of educational resources, Initial Teacher Education, TPL and leadership training”*, rinne an RO an tionscadal seo a leanas a mhaoiniú. Rinneadh an taighde i measc sampla cleachtóirí, i sampla Gaelscoileanna i dTuaisceart Éireann idir Mí na Samhna agus Mí an Mhárta 2023, ag úsáid sonraí ó cheistneoir, agallamh agus fócasghrúpa.

- **Achoimre ar an taighde**

Tá meascán de thaighde deisce agus taighde allamuigh sa tuarascáil seo a bhfuil sé mar aidhm aici cur leis an tuiscint s’againn ar an phróifíl bhonnlíne inniúlachta san earnáil. I measc na réimsí atá clúdaithe, tá oiliúint tosaigh teanga, cultúr teanga na scoileanna, úsáid na teanga, meonta agus muinín i measc cleachtóirí, cleachtais ranga lena n-áirítear Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT), agus riachtanais oiliúna teanga. Cruthaíodh sraith trialacha inniúlachta, atá tagarmharcáilte sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE), sa dóigh is gur féidir le ceannairí agus cleachtóirí aonair bonnlíne a leagan dá gcumas teanga. Cruthaíodh uirlis féinmheasúnaithe do chleachtóirí aonair sa dóigh is gur féidir leo a riachtanais oiliúna a aithint agus a bheith treoraithe chuig deiseanna oiliúna atá ar fáil. Ar deireadh, cuirtear moltaí ar fáil do chleachtóirí aonair, ceannairí scoile, CnaG, an tÚO, an RO agus institiúidí tríú leibhéal ar an dóigh le próifílí teanga a neartú i scoileanna agus tugtar mionsonraí ar chláir oiliúna saincheaptha a chaithefear a dhearadh leis na bearnaí reatha sa tsoláthar a dhruim.

Eochairchoincheapa agus athbhreithniú litríochta

Tá an chuid is mó den litríocht ar inniúlacht agus feasacht teanga dírithe ar an mhúinteoir amháin, a bhfuil an fhreagracht is mó air sa tseomra ranga, dar ndóigh, maidir le hatmaisféar foghlama a chruthú, ceachtanna a stiúradh, agus aiseolas, tacaíocht agus measúnú a thabhairt. Ní mór béim a leagan air ón tús, áfach, go bhfuil ról ag pobal na scoile uile maidir le hionchur teanga a chur ar fáil, a bheith ina n-eiseamláirí teanga agus suíomhanna a chruthú a chuidíonn le sealbhú agus foghlaim teanga. Tá tionchar ag gach ball de phobal na scoile ar thorthaí teanga na ndaltaí, mar sin de, sa staidéar reatha seo, úsáidtear an téarma ‘cleachtóir’ i dtaca le ceannairí, múinteoirí agus cúntóirí ranga. Beidh tionchar ag an fheasacht teanga atá acu uilig ar thorthaí na ndaltaí, bíodh sin ó thaobh pleanáil agus cultúr scoile de i dtaca le ceannairí, ó thaobh ionchur ranga agus teagaisc de i gcás na múinteoirí, nó tacaíocht shaincheaptha duine le duine ó chúntóirí ranga.

I measc na bpríomhréimsí atá clúdaithe san athbhreithniú litríochta seo, tá feasacht teanga, inniúlacht teanga na gcleachtóirí i gcomparáid le torthaí na ndaltaí, cur i bhfeidhm an dea-chleachtais sa tseomra ranga trí FCÁT agus oiliúint múinteoirí. In achan cheann de na réimsí seo, déantar tagairt do pheirspictíochtaí idirnáisiúnta agus do thaighde atá dírithe ar an earnáil Ghaeloideachais amháin.

- Feasacht teanga na gcleachtóirí

Déanann Shulman (1999) agus David (2020) plé ar thábhacht na gairmiúlachta i measc múinteoirí, agus tá eolas atá sainiúil don ábhar an-luachmhar, dar leo. Is é a deir Ball *et al.* (2008, 389) *“most people would agree that an understanding of content matters for teaching. Yet, what constitutes understanding of content is only loosely defined”*. I bhfianaise éiteas agus aidhmeanna an Ghaeloideachais, is doiligh idirdhealú a dhéanamh idir ábhar agus teanga ó tharla gur gá dóibh beirt a bheith fite fuaite lena chéile - bíodh sin i suíomh luathbhlianta ina bhfuil forbairt an stóir focail mar chuspóir foghlama nó in iar-bhunscoil, áit nach féidir saineolas ábhair a theagasc do dhaltaí ach má tá an cumas teanga ag an dá pháirtí (an múinteoir agus an dalta) le tabhairt faoin ábhar tríd an sprioctheanga. Míníonn Snow (2001) an deacracht maidir le hidirdhealú a dhéanamh idir ábhar agus teanga i suíomh tumoideachais.

Déanann Check (1986) agus Polk (2006) anailís ar na tréithe a bhaineann le múinteoir éifeachtach, agus tá cumarsáid éifeachtach ar cheann acu. Is rud lárnach é an chumarsáid faoi choinne timpeallacht ardchaighdeáin sa tseomra ranga (Levy et. al., 1992). Caithfidh múinteoir (nó cúntóir ranga) a bheith ina chumarsáidí éifeachtach le daltaí a mhealladh, soiléireacht a chur ar fáil do dhaltaí ar leibhéal éagsúla cumais, solúbthacht a léiriú ó thaobh réime de, agus aiseolas cuiditheach soiléir a chur ar fáil (Ní Aogáin

& Ó Duibhir, 2021). Tá sé seo tábhachtach i suíomh tumoideachais go háirithe, a dhéanann, ag an chroílár, sealbhú teanga a chur chun cinn trí chumarsáid sa sprioctheanga (Hoare, 2001). Tá inniúlacht teanga i measc múinteoirí teanga thar a bheith tábhachtach, mar sin, agus tá sé sin pléite ag Freeman & Johnson (1998), mar shampla.

Ní hí an inniúlacht teanga an t-aon scil teanga atá de dhíth le bheith éifeachtach mar mhúinteoir teanga. Tugann Andrews (2007) le tuiscint go bhfuil réimse de stóir eolais atá nasctha le chéile de dhíth i gcomhthéacs T2:

- **Ábaltacht sa teanga:** caithfidh an cleachtóir a bheith ina úsáideoir éifeachtach teanga.
- **Eolas faoin teanga:** caithfidh an cleachtóir tuiscint a bheith aige ar an dóigh a bhfeidhmíonn an teanga agus eolas faisnéiseach a bheith aige ar na rialacha teanga atá mar threoir acu ina feidhmiú féin sa teanga (m.sh., fóineolaíoch, gramadaí, pragmatach).
- **Eolas ar na foghlaimeoirí:** caithfidh na cleachtóirí tuiscint a bheith acu ar an dóigh a ndéanann foghlaimeoirí teanga a fhoghlaim, agus i gcás an tumoideachais, an dóigh a dtarlaíonn foghlaim agus sealbhú.

Caithfidh cleachtóirí a bheith feasach ó thaobh na teanga de (“*linguistically aware*”) (Andrews & Lin, 2017) agus freagrúil ó thaobh na teanga de (“*linguistically responsive*”) (Lucas & Villegas, 2013) le go n-éireoidh leo mar chumarsáidithe, eiseamláirí agus múinteoirí. Tá coincheapadh úsáideach ar na réimsí teanga a bhaineann le cleachtóir le fáil in *Building on Edge* (1988), Wright & Bolitho (1993) agus Andrews (2007), Lindahl (2016):



Léaráid 1: Creatlach na feasachta teanga (Lindahl, 2016)

Ní mór do chleachtóir rathúil i suíomh tumoideachais a bheith ina úsáideoir éifeachtach teanga i dtús báire. Caithfidh an cumas cumarsáide a bheith acu le bheith ag labhairt agus ag scríobh sa teanga agus ag feidhmiú mar eiseamláir theanga. Glacann siad ról mar anailísí teanga fosta, sa dóigh gur gá dóibh feasacht a bheith acu ar mheititheangeolaíocht agus a bheith ábalta tuairimí a thabhairt maidir leis an teanga cheart agus mhícheart, agus a bheith ábalta cur síos soiléir a dhéanamh air seo. Sa tríú dul síos, caithfidh siad ról an mhúinteora teanga a ghlacadh, go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil. Cuirfear de chúram ar chuid orthu an teanga a theagasc go díreach, ach táthar ag súil go ndéanfaidh cuid eile an teanga a theagasc go hindíreach, bíodh sin mar mhúinteoir ábhair ghinearálta nó mar chúntóir ranga ag tacú le cibé teagaisc atá ar bun ag an mhúinteoir.

Tugann Ó Fáthasaigh (2021) achoimre úsáideach dúinn maidir le feasacht teanga in earnáil an Ghaeloideachais agus tá na deacrachtaí teanga a bhíonn ag cleachtóirí san earnáil pléite ag go leor scoláirí, m.sh., Ní Thuairisg, (2014), Ó Grádaigh (2015), Nic Réamoinn (2017), Ó Treasaigh (2019), Mhic Aoidh (2021), agus Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh (2021). I measc na ndeacrachtaí a luaitear sna píosáí seo, tá easpa féinmhuinín sa teanga, easpa inniúlachta ar an teanga, easpa tuiscint ar an dóigh a n-oibríonn sealbhú teanga, dícheangal idir na tuairimí a luaitear i leith foghlaim teanga agus na fíorchleachtais ranga, agus easpa tacaíocht ón earnáil le déileáil leis na deacrachtaí seo.

- **Inniúlacht an chleachtóra in aghaidh thorthaí na ndaltaí**


Cé go dtugann lucht déanta beartas le fios go minic gur beag an tionchar atá ag cleachtóirí aonair ar fhoghlaim na ndaltaí (féach Rockoff, 2004), tá fianaise ag dul i méid a thugann le fios go bhfuil comhghaol díreach idir éifeachtacht an mhúinteora agus torthaí na ndaltaí s'aige (Darling-Hammond, 2000; Stronge *et al.*, 2007; Chetty *et al.*, 2014; Burroughs *et al.*, 2019). Cé go mbíonn tionchar ag tosca eile amhail cumas nádúrtha an dalta, saol an dalta sa bhaile, stádas socheacnamaíoch agus inspreamhadh an dalta, léiríonn na staidéir a luaitear thuas, go n-éiríonn níos fearr go hacadúil leis na daltaí siúd a bhfuil múinteoirí éifeachtacha acu, is léir seo ó thriailscóir níos airde. Is féidir baint dhíreach a bheith ann idir éifeachtacht an mhúinteora agus féinmhuinín agus féinéifeachtúlacht an mhúinteora ag eascairt ó eolas ar ábhar agus ar oideolaíocht. Tá cruthúnas ann fosta, i seomra ranga na múinteoirí éifeachtacha, go mbíonn an bharna sa ghnóthachtáil níos lú i measc na ndaltaí, rud a chiallaíonn go mbíonn rath fadtéarmach acadúil agus gairmiúil ag níos mó daltaí.

Maidir le torthaí teanga sna suíomhanna tumoideachais, tuigtear go mbíonn tionchar ag go leor tosca air seo, amhail cúlra teanga na ndaltaí, teanga theaghlaigh agus teanga shóisialta na ndaltaí, fad agus caighdeán na teagmhála, polasaí agus cultúr teanga ar scoil, dearadh an churaclaim agus na hacmhainní atá ar fáil (Ellis, 2012; Cummins and Swain, 2014; Lindholm-Leary & Genesee, 2014).

I measc na dtosca seo, deirtear go mbíonn éifeachtacht teanga an mhúinteora agus éifeachtúlacht an mhúinteora tábhachtach fosta (Turnball *et al.*, 2003; Faez *et al.*, 2021). Má bhíonn feasacht teanga ag múinteoir mar atá leagtha amach thuas, beidh an múinteoir sin ábalta timpeallacht shaibhir teanga a chur ar fáil do na daltaí leis an ionchur cheart atá de dhíth faoi choinne foghlaim éifeachtach teanga. Tá tábhacht chaighdeán an ionchuir pléite ag Ellis (2009) agus Unsworth (2016). Déanfaidh múinteoirí éifeachtacha ceachtanna a dhearadh agus a theagasc, a chuirfidh aschur saibhir teanga chun cinn do na daltaí, agus beidh siad eolach agus muiníneach go leor le haiseolas ceartaitheach a chur ar fáil ar an aschur seo (Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2021), rud a mhéadóidh torthaí teanga na ndaltaí.

- Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT)

Ní mór a thuiscint nach n-amharcann achan chleachtóir ar a ról mar mhúinteoirí teanga amháin. Deir Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh (2021, 93) go ndíríonn an céatadán is mó de mhúinteoirí tumoideachais a n-iarrachtaí ar an ábhar a theagasc seachas an teanga. Mar sin de, ó tharla go mbíonn siad ag teagasc trí T2, ba chóir a bheith ag súil leis go nglacfaid siad aidhm na scoile chucu féin maidir le dul chun cinn na teanga sa churaclam. Bealach amháin leis seo a bhaint amháin ná FCÁT, atá aitheanta anois mar dheachleachtas i seomraí ranga tumoideachais. Tá cur síos déanta ar FCÁT ag Coyle *et al.* (2010) mar 'a dual-focused educational approach in which an additional language is used for the learning and teaching of both content and language' ina bhfuil 'both language and the subject have a joint role' (Marsh 2002, 58). Tá ag méadú ar an spéis sa réimse seo ábhair, agus tá achoimre air le fáil in Pérez-Cañado (2012) agus Cenoz *et al.* (2014). Tá creat úsáideach leagtha amach ag Coyle (2009):



Léaráid 2: Creatlach FCÁT [*CLIL Framework*], glactha ó Coyle (2009)

Míníonn sé an dóigh a bhfuil na gnéithe seo ar fad fite fuaite le chéile i seomra ranga trí úsáid FCÁT. Tá ‘Content’ ag baint le heolas sainiúil ar ábhar a theagasctar trí mheán T2. Tagraíonn ‘Communication’ don chaidreamh idir an múinteoir agus an dalta, agus d’fhorbairt na scileanna glacacha (éisteacht, leitheoireacht) agus na scileanna giniúna (labhairt agus scríobh) mar chuid den phróiseas foghlama. I gcomhar leis an eolas ábhair agus na scileanna teanga a chuirtear chun cinn trí chur chuige FCÁT, gheobhaidh daltaí i seomra ranga atá maith ó thaobh FCÁT de scileanna cognaíocha níos fearr fosta, amhail anailísiú, comhtháthú agus smaointeoireacht chriticiúil, agus déanfar é seo i dtaca le cúlra cultúrtha an réimse ábhair atá á theagasc agus leis an teanga trína bhfuil an teagasc ar siúl.

Déanann Kilmova (2012) agus Surmont *et al.* (2014) plé ar an iliomad buntáistí a bhaineann le FCÁT sa tseomra ranga maidir le teagmháil teanga mhéadaithe agus fíorúsáid na teanga i gcomhthéacs acadúil, níos mó cumarsáide agus rannpháirtíochta, níos mó eolas sainiúil ar ábhar, feidhmiú cognaíoch níos fearr, méadú ar an tuiscint chultúrtha agus meas ar an ilteangachas.

Tá cás-staidéir ar chur i bhfeidhm rathúil FCÁT anois ar fáil go forleathan. Mar shampla, léiríonn Coyle *et al.* (2010) an dóigh le FCÁT a chur i bhfeidhm i ndearadh an churaclaim, i gníomhaíochtaí ranga, agus i measúnú. Léiríonn Doiz *et al.* (2014) an dea-thionchar a bhíonn ag FCÁT ar spreagadh na ndaltaí agus tugann Pérez Cañado (2012) & Lancaster (2016) staidéar fadaimseartha ar an tionchar atá ag FCÁT ar ghlacadh agus giniúint bhéil, ag tabhairt le fios go mbíonn an feabhas is mó ar ghiniúint ó bhéal.

Déanann Ruiz de Zarobe (2015) plé ar chur i bhfeidhm praiticiúil FCÁT sa tseomra ranga agus an dea-thionchar a bhíonn aige, agus pléann O’Dwyer & De Boer (2015) leis an chaidreamh idir múinteoirí agus daltaí i seomra ranga FCÁT, agus tugann siad léargas ar na gnéithe teanga, na straitéisí teagaisc, agus na patrúin dioscúrsa a thugtar faoi deara.

In earnáil an Ghaeloideachais, tá daoine ag tosú a aithint a thábhachtaí agus atá FCÁT. Amharcann Harris *et al.* (2006) ar chás-staidéar a théann siar chomh fada leis na 1980í, agus níos déanaí, cuireann Ó Ceallaigh *et al.* (2015) an-bhéim air gur gá aird a tharraingt ar an bhearna a dhruidim idir teagasc teanga agus teagasc ábhair i ngaelscoileanna, agus a léiriú go bhfuil pleanáil éifeachtach ceachtanna thar a bheith tábhachtach leis an bhearna seo a dhruidim. Míníonn Mac Gearailt *et al.* (2021) fosta an réasúnaíocht faoi choinne níos mó den chur chuige FCÁT a chur isteach sna suíomhanna tumoideachais.

Sa dóigh chéanna a bhfuil teanga ina scil nach mór í a fhoghlaim, ní mór teagasc teanga agus cuimsiú éifeachtach FCÁT sa tseomra ranga a theagasc go soiléir. Tá taighde suntasach déanta ina thaobh seo ar nós Lasagabaster & de Zarobe (2010), a amharcann ar an dóigh ar chóir múinteoirí a oiliúint le FCÁT a úsáid, agus thóg Hillyard (2011) air seo, a phléann modúil FCÁT i gcláir oiliúna d'ábhair múinteoirí. Amharcann Pérez Cañado (2018) ar na nuálaíochtaí agus na dúshláin a bhaineann le hoiliúint múinteoirí FCÁT. I gcomhthéacs na Gaeilge, tá réimse na hoiliúna FCÁT pléite ag Ó Duibhir (2016), mar shampla, a mhíníonn an dóigh ar féidir FCÁT a chuimsiú sna modúil foghlama in oiliúint múinteoirí, agus tugann sé achoimre ar an dóigh ar ghlac ábhair múinteoirí leis seo. Tógann Cammarata & Ó Ceallaigh (2018) air seo, a thugann achoimre ar na cláir a bhfuil an cur chuige seo mar chuid díobh.

Oiliúint Cleachtóirí Tumoideachais

Níl sa FCÁT ach gné amháin den oiliúint. Le tuiscint iomlán a fháil ar an oiliúint, ní mór dúinn smaoineamh ar oiliúint tosaigh sula dtéitear isteach i bhfostaíocht agus ar oiliúint inseirbhíse, FGL nó FGM nuair a bhítear fostaithe san earnáil.

Tá an chuid is mó den taighde ar fheasacht teanga dírithe ar oiliúint tosaigh (réamhsheirbhíse) d'ábhair múinteoirí. Míníonn Edge (1988), sa chreatlach ar chumas teanga thuas (Léaráid 1) go gcaithfidh cláir oiliúna a bheith dírithe ar na trí ghné d'fheasacht teanga an mhúinteora; caithfidh siad oiliúint a fháil le bheith ina n-úsáideoirí neamhspleácha teanga, caithfidh siad a bheith ábalta an teanga sin a anailísiú agus caithfidh siad sainoiliúint a fháil ar oideolaíocht teanga. Tógann Wright & Bolitho (1993) air seo agus molann siad creatlach mhodheolaíoch leis seo a bhaint amach agus leagann Wright (2002) timthriall cúig chéim amach faoi choinne gníomhaíochtaí feasachta teanga: déanamh [*doing*]; athbhreithniú [*reviewing*], ciall a bhaint as [*making sense*], nascadh [*linking*] agus cur i bhfeidhm sa rang [*classroom implementation*]. Cuireann Johnson (2009) leis seo, a amharcann ar sheánraí éagsúla cumarsáide a bhaineann le múinteoirí. Léiríonn Andrews (2007) a thábhachtaí agus atá sé do mhúinteoirí faoi oiliúint féinmhachnamh a dhéanamh ar an eolas atá acu ar an teanga, agus díríonn Svalberg (2015) ar ghramadach agus ar na bearnaí atá ag múinteoirí maidir leis an eolas fhaisnéiseach atá acu ar theanga a líonadh. Tugann Andrews (2017) léargas níos doimhne ar an ábhair, ag áitiú gur gá go léireoidh cláir oiliúna múinteoirí a thábhachtaí agus atá sé a bheith feasach ó thaobh na teanga de, agus deir sé arís gurb é an féinmhachnamh an pointe tosaigh faoina choinne.

I gcomhthéacs na Gaeilge, tá tuairim na múinteoirí faoi oiliúint léirithe i roinnt píosaí staidéir m.sh., Ní Chathasaigh (2020); Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir (2017); Ní Dhiorbháin *et al.* (2020); Ó Ceallaigh *et al.* (2019) agus Ó Ceallaigh (2020) agus tarraingíonn siad aird ar na buntáistí is féidir a bheith le oiliúint fhócasaithe teanga. Tugann Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh & (2021) achoimre ar an taighde atá ann ó thaobh na Gaeilge de agus cuireann siad béim ar a thábhachtaí agus atá sé tuilleadh taighde a dhéanamh ar an réimse seo, agus tá cuid de sin clúdaithe sa staidéar seo (féach Léaráid 3).

Más féidir le cláir oiliúna tosaigh an chothromaíocht cheart a aimsiú idir teanga, eolas ar ábhair, oideolaíocht agus scileanna ginearálta teagaisc, beidh cuid mhaith de na fadhbanna a luaitear sa staidéar seo maolaithe do chleachtóirí amach anseo. Mar sin féin, de bharr líon na ndaoine atá fostaithe san earnáil cheana féin, is gné thábhachtach den taighde í oiliúint inseirbhíse.

Léirigh Freeman (1982), Bullough (2009) agus Jahangir *et al.* (2012) a thábhachtaí agus atá oiliúint inseirbhíse leis na bearnaí eolais nach bhfuil clúdaithe i gcláir oiliúna tosaigh a dhruidim; le coinneáil suas le dea-chleachtas agus beartais a bhíonn ag forbairt; le cleachtas machnaimh a chur chun cinn; le foghlaim faoi éagsúlacht na ndaltaí agus sainriachtanais; le speisialtóireacht a dhéanamh agus cur lena gcuid scileanna; agus le rath a thairfead le cuidiú le harduithe céime agus níos tábhachtaí ná aon rud eile, le dul i ngleic le spreagadh agus sásamh as post na gcleachtóirí. Tá achoimre ar oiliúint inseirbhíse in Éirinn déanta ag Gleeson (2004), a thugann léargas ginearálta ar bheartas agus rialacháin. Tógann McMillan *et al.* (2016) ar O'Sullivan *et al.* (2012) a amharcann ar an mheon thuaidh-theas agus léiríonn siad go bhfuil spreagadh ginearálta ann faoi choinne FGL i measc múinteoirí, mar is féidir leo buntáistí a n-oideolaíochta féin a fheiceáil. Leagann siad amach fosta na tosca a théann i bhfeidhm ar rannpháirtíocht le FGL, ábharthacht na gcúrsaí atá ar fáil, caighdeán an teagaisc, acmhainní agus an tacaíocht agus an spreagadh ó cheannairí scoile san áireamh. Tá dearcadh níos criticiúla ag Hagan & Eaton (2020); san alt seo, déantar plé ar na páirtithe leasmhara ar fad a bhfuil baint acu le hoideachas múinteoirí agus na meonta éagsúla atá acu maidir le cuspóir, ábhar, agus soláthar na gclár oiliúna do mhúinteoirí. Pléitear an teannas idir na héilimh atá ag an lucht déanta beartas maidir le cuntasaíocht agus na cuir chuige caighdeánaithe agus an gá atá le solúbthacht is inoiriúnaitheacht in oideachas múinteoirí.

Maidir le hoiliúint inseirbhíse ar fheasacht teanga, pléann Wright & Bolitho (1993) leis sin. Tugann siad achoimre ar an taighde atá ann, míníonn siad a thábhachtaí agus atá foghlaim teanga i gcláir inseirbhíse

agus tugann siad bealaí praiticiúla leis seo a chur i bhfeidhm. Áitíonn siad gur gá do mhúinteoirí feasacht mheititheangeolaíoch, feasacht shochtheangeolaíoch, agus feasacht dioscúrsa a fhorbairt. Mar chuid de seo, tá tuiscint ar an dóigh a n-athraíonn teanga i gcomhthéacsanna éagsúla, ar an tionchar atá ag teanga ar chaidrimh shóisialta, agus ar an ról atá ag teanga maidir le ciall a chur i dtoll a chéile. Trí fheasacht teanga a chothú, is féidir le múinteoirí a gcleachtais oideolaíocht a fheabhsú, tacú níos fearr le foghlaim teanga na ndaltaí, agus cumarsáid éifeachtach agus forbairt teanga a chur chun cinn sa tseomra ranga. I gcomhthéacs na Gaeilge, tá sé seo clúdaithe ag Ó Duibhir (2000) agus pléite go cuimsitheach ag Ní Thuairisg (2014), agus cé go n-amharcann sí ar mhúinteoirí Gaeltachta ó dheas, tugann sí léargas ginearálta ar fhorbairt múinteoirí, déanann sí measúnú ar na constaicí roimh FGL agus na dúshláin a bhaineann léi, cuireann sí moltaí chun tosaigh maidir le hoiliúint réamhsheirbhíse agus inseirbhíse, agus an gá atá le tuilleadh taighde sa réimse seo á léiriú aici. Tógann Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh (2021) air seo, tugann siad achoimre ar an taighde atá déanta ar na dúshláin a gcaithfear iarracht a dhéanamh iad a mhaolú trí FGL/FGM.

Ceisteanna taighde

Cén tionchar atá ag cúra teanga na gcleachtóirí ar a gcumas teanga?

Cad é an difear idir cumas teanga na gcleachtóirí a thuairiscítear agus an ábaltacht atá acu?

Cad é mar a théann an cultúr teanga i scoileanna i bhfeidhm ar iompraíochtaí agus muinín teanga na gcleachtóirí?

Cad é an nasc idir cumas teanga na gcleachtóirí agus torthaí teanga na ndaltaí?

Cad é mar a théann cumas teanga na gcleachtóirí i bhfeidhm ar a n-ábaltacht le hábhar a sholáthar trí mheán T2

Cad iad na straitéisí a úsáideann cleachtóirí leis na bearnaí teanga atá acu a líonadh?

Cad iad na deiseanna forbartha atá ann, cad iad na cinn is éifeachtaí agus cad iad na bearnaí atá le líonadh?

Léaráid 3: Ceisteanna taighde

Modheolaíocht

Céim 1: Achoimre

Céim 2: Dearadh agus scaipeadh na suirbhéanna

Céim 3: Agallaimh agus fócasghrúpaí

Céim 4: Cruthú na dtrialacha feasachta tagarmharcáilte agus na foirme féinmheasúnaithe, agus aiseolas orthu.

Céim 5: Anailís cháilíochtúil agus chainníochtúil

Léaráid 4: Modheolaíocht

Céim 1: Achoimre: Socraíodh cruinniú tosaigh le hionadaithe ó CnaG agus ón ÚO le cuidiú le cuidiú le paraiméadair a leagan síos, ceisteanna taighde a phlé agus teacht ar eolas a bhaineann leis an tionscadal taighde.

Céim 2: Dearadh agus scaipeadh na suirbhéanna Leis na ceisteanna taighde a fhreagairt agus bunaithe ar an athbhreithniú litríochta thuas, dearadh 3 cheistneoir ar líne in Microsoft Forms: ceann do na ceannairí, ceann do na múinteoirí agus ceann do na cúntóirí ranga agus na ceannairí naí-aonaid. Cé go raibh téamaí uileghabhálacha na gceistneoirí cosúil lena chéile d'aon turas le ligean do thraschomparáid, cuireadh na ceisteanna in oiriúint do chás agus ról gach páirtí (Féach aguisíní 1-3). Cuireadh nasc chuig na ceistneoirí mar aon le litir chumhdaigh chuig gach cleachtóir i ngach scoil ag leibhéal na náiscoille, na bunscoille agus na hiar-bhunscoille, agus rinne ceannairí é seo a éascú. Cuireadh na ceistneoirí amach trí huaire le linn an phróisis seo.

Céim 3: Agallaimh agus fócasghrúpaí: Tógáil ar na téamaí a clúdaíodh sna ceistneoirí, le ligean do phlé níos cáilíochtúla, cuireadh cuireadh le bheith páirteach i bhfócasghrúpa ar shampla de 10 scoil. De bharr sceidil ghnóthacha agus gníomhaíochtaí tionsclaíocha, níor ghlac an chuid is mó de na scoileanna leis an chuireadh. Mar sin féin, i bhfianaise na litríochta a léiríonn na deacrachtaí géara a bhíonn ag múinteoirí sainábhair, bhí sé úsáideach agallamh amháin agus fócasghrúpa amháin a eagrú in dhá shuíomh iar-bhunscoille. Eagraíodh athagallamh fosta le hionadaí ón ÚO atá freagrach as an oiliúint Ghaeloideachais taobh istigh de chlár oiliúna an ÚO.

Céim 4: Cruthú na dtrialacha feasachta tagarmharcáilte agus na foirme féinmheasúnaithe, agus aiseolas orthu.

Bunaithe ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CCTE), cuireadh greille le chéile a dhíríonn ar scileanna teanga a bhaineann leis an earnáil Ghaeloideachais. Lorgaíodh aiseolas air seo ó réimse cleachtóirí. I ndiaidh suirbhé a dhéanamh ar na modhanna measúnaithe atá ar fáil in aghaidh CCTE (e.g., <https://secure.teg.ie/quiz/>), dearadh sraith shancheaptha de mheasúnuithe agus rinneadh iad a thástáil don earnáil Ghaeloideachais ag 3 leibhéal CCTE, A2, B2, C2. Tá dhá chineál measúnaithe ann. Ar dtús, baineadh úsáid as Blackboard Learn le measúnuithe in-uathcheartaithe a chruthú ar chluastuisicint, léamhthuisicint agus eolas gramadaí. Cruthaíodh measúnuithe ar scileanna labhartha agus scríofa in Microsoft Word fosta, ach tá measúnóir de dhíth chun iad seo a mharcáil.

Mar chuid de na ceistneoirí, lorgaíodh léirithe suime le tabhairt faoin mheasúnú. De bharr gníomhaíochta tionsclaíche, ní bhfuarthas ach 8 léiriú suime, agus níor leor sin le próifíl bhonnlíne cumais a chruthú. Níor dearadh na measúnuithe faoina choinne sin, áfach. Dearadh iad le ligean do cheannairí agus do dhaoine aonair a gcumas a mheas agus cinneadh a dhéanamh maidir le hoiliúint chuí bunaithe ar an aiseolas. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh agus tá an taighdeoir sásta measúnú a dhéanamh ar na trialacha sin nach féidir iad a uathcheartú. Chomh maith leis sin, déanfar measúnú ar an fhéidearthacht atá ann déileáil leis na measúnuithe seo i mbonneagar TF oideachais atá le teacht, EdIS, mar chinnteodh sé sin go bhfuil rochtain ar na measúnuithe seo taobh istigh de chóras TF na scoileanna, agus mar sin de, bheadh siad ar fáil do chleachtóirí nuair is gá.

Is gá a lua nach bhfuil cóipeanna de na measúnuithe féin curtha ar fáil sa tuarascáil seo lena rúndacht a choinneáil. Tá siad ar fáil ach iad a iarraidh, áfach, agus déanfar teagmháil le scoileanna maidir leis seo.

Céim 5: Anailís cháilíochtúil agus chainníochtúil: Baineadh úsáid as SPSS chun anailís aon-athróige agus anailís il-athróige (nuair ba chúil) a dhéanamh ar na sonraí cainníochtúla a bailíodh ó na ceistneoirí. Leis na hagallaimh/fócasghrúpaí, agus na ceisteanna oscailte sna ceistneoirí, baineadh úsáid as na bogearraí anailíse cáilíochtúla, NiVO, chun na sonraí cáilíochtúla a chódú agus a anailísiú ar bhonn téama.


Cúrsaí Eitice

Leanadh treoirlínte agus nósanna imeachta Ollscoil Uladh don tionscadal seo a thiteann isteach i gcatagóir A de chuid rialacháin na hOllscoile¹. Bhí an taighdeoir i dteagmháil dhíreach le daoine fásta ar bhonn deonach. Tá gach sonra a bailíodh sábháilte ar chóras dianslándála na hollscoile agus tá anaithnidiú déanta ar na rannpháirtithe.

Torthaí agus plé

- Achoimre ar na freagraí a fuarthas


Féach thíos achoimre ar na torthaí a fuarthas. I bhfianaise achar gairid an taighde, an bhrú ar fhoirne Gaeloideachais agus na gníomhaíochta tionsclaíche reatha, is toradh cothrom é seo. Is leordhóthanach an réimse faisnéiseoirí thar na cineálacha éagsúla scoileanna le léargas ginearálta a thabhairt maidir le barúlacha, eispéiris agus deacrachtaí sna suíomhanna éagsúla Gaeloideachais, go háirithe ó tharla gur féidir iad a nascadh le torthaí atá ar fáil ó shuíomhanna den chineál chéanna in áiteanna eile.



Léaráid 5: Achoimre ar na freagraí a fuarthas

¹ Tá cóip de seo ar fáil ag @ https://www.ulster.ac.uk/_data/assets/pdf_file/0011/123041/Policy-for-the-Governance-ofResearch-involving-human-participants.pdf.


- Réimsí faoi choinne anailíse




Léaráid 6: Réimsí faoi choinne anailíse

Oiliúint tosaigh

- Cúlra teanga agus conairí don oiliúint tosaigh



Léaráid 7: Cúlra teanga (Múinteoirí)





Léaráid 8: Cúlra teanga (Cúntóirí)

Ní raibh ach cainteoir dúchais amháin ón Ghaeltacht i measc na bhfreagróirí. Cé nach ionadh é sin, léiríonn sé gur foghlaiméirí iad na daoine is inniúla fiú san earnáil ó thaobh na teanga de. Cuireann formhór na múinteoirí (81%) agus formhór na gcúntóirí ranga (63%) síos orthu féin mar dhaoine a d’fhoghlaim an teanga. Deir 19% agus 32% faoi seach, nach cainteoirí traidisiúnta dúchais iad. Is féidir é seo a shainmhíniú mar dhaoine a d’fhás aníos ag labhairt na teanga mar theanga bhaile, nó daoine a

tháinig tríd an earnáil tumoideachais. Sa chuid is mó de na cásanna seo, shealbhaigh siad an teanga óna dtuismitheoirí nó ó mhúinteoirí a d'fhoghlaim an teanga. Ní cáineadh ná ábhar imní é seo, ach léiríonn sé go bhfuil cleachtóirí Gaeloideachais ar thuras teanga iad féin. Do chuid mhaith acu, is céim thábhachtach ar an turas foghlama teanga seo an cúrsa a dhéanann siad le hullmhú le bheith ag obair san earnáil (Andrews & Lin, 2017, 59).

Tá réimse conairí ann trína dtagann cleachtóirí isteach i bhfostaíocht san earnáil, agus tá na cinn ar chuir na freagróirí síos orthu leagtha amach in aguisín 4. Tá tionchar díreach ag na conairí seo ar fheasacht teanga agus muinín na gcleachtóirí (Andrews, 2003). Rinne roinnt múinteoirí speisialtóireacht sa Ghaeilge, trí chéim iomlán sa Ghaeilge a dhéanamh roimh an TICO. Tríd an chonair seo, fuair siad oiliúint fhócasaithe theangeolaíoch agus teagmháil chuimsitheach leis an teanga, ach ní bhfuair siad ach blaiseadh beag den oideolaíocht teanga (modúl amháin) le linn an TICO s'acu. Roghnaigh roinnt daoine eile an Ghaeilge mar an sainábhar s'acu mar chuid dá gclár Baitsiléir Oideachais (BEd) agus fuair siad teagmháil leis an Ghaeilge agus le hoideolaíocht tumoideachais, níl ansin ach cuid den chúrsa, áfach. De bharr na modúl eile agus na socrúcháin i scoileanna, níl an oiliúint leanúnach, dian, ná dírithe ar gach réimse den fheasacht teanga. Rinne daoine eile staidéar ar réimse modúil ar an chlár BEd trí mheán na Gaeilge, cuidíonn sé seo le teagmháil leis an Ghaeilge agus leis an tseomra ranga, ach tá an fhadhb chéanna ann mar atá luaite thuas. Ar an taobh eile den scála, tá múinteoirí againn a dhéanann speisialtóireacht in ábhar eile nach Gaeilge é, agus nach bhfuair fíor-oiliúint teanga ar bith. Sna cláir theagaisc, ar nós TICO, ní nach ionadh go gcuirtear an bhéim ar scileanna ginearálta teagaisc, agus bíonn sé ag brath go hiomlán ar an chúrsa féin cad é mar a dhírítear ar theagasc trí Ghaeilge.


- **Béim ar an Ghaeilge**



Léaráid 9: Béim ar an Ghaeilge (Ceannairí)

Léaráid 10: Béim ar an Ghaeilge (Múinteoirí)


Cé go ndearna formhór na bhfaisnéiseoirí staidéar ar chúrsaí ina raibh gné Ghaeilge, maíonn an chuid is mó acu nárbh í sin an príomhfhócas sa chúrsa. Is iad scileanna ginearálta an príomhfhócas i gcúrsaí BEd agus TICO. Aontaíonn 100% de na ceannairí a thug freagra leis seo, agus deir siad go dtuigeann siad na deacrachtaí teanga a bhíonn ag múinteoirí nua nuair a thagann siad isteach sa scoil, agus go mbíonn baint aige sin leis an teagmháil teanga a bhí acu roimhe sin. Luann ceannaire amháin nach bhfuil TICO iar-bhunscoile ann le fócas ar an Ghaeilge agus nach bhfuil sin ar fáil ach don bhunscolaíocht agus luann duine eile go bhfágfar é faoin duine féin nó faoin scoil aon bhearnaí teanga a líonadh a thagann aníos i ndiaidh na hoiliúna tosaigh, agus iad i bhfostaíocht.




Léaráid 11: Muintín as cumas teanga ar chríochnú an chúrsa (Múinteoirí)

Feictear anseo go ndúirt 58% de mhúinteoirí go raibh muintín acu as a gcumas teanga nuair a chríochnaigh siad an oiliúint tosaigh. Tá sé seo ag teacht le Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh (2021, 7). I measc na ndaoine siúd a bhí muintíneach, bhí deis ag cuid acu an Ghaeilge a chleachtadh taobh amuigh den tseomra ranga; bhí am caite ag daoine eile sa Ghaeltacht agus d'fhreastail daoine eile ar chúrsaí eile teanga le cur lena gcuid scileanna teanga. Is suntasach go ndúirt 42% nach raibh siad muintíneach ach is dócha nach ionadh ar bith é. Tógann sé blianta de threoir fhócasaithe agus de theagmháil le teanga a fhoghlaim chuig an leibhéal a bheadh de dhíth le bheith ag teagasc tríthi, agus ní thiocfadh le cúrsa 3ú leibhéal ar bith sin a bhaint amach leis féin, go háirithe ó tharla nach féidir curaclaim cúrsaí a bheith dírithe ar an scil seo amháin. Luann na daoine siúd nach raibh muintíneach an easpa eolais atá acu ar an ghramadach, an easpa stór focal speisialaithe don tseomra ranga (féach fosta Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh (2021), agus an claonadh atá acu a bheith in amhras faoina n-eolas ar an teanga, agus dearmad

déanta acu ar an mhéid a d'fhoghlaim siad i modúil teanga ar leith (féach fosta Ní Chathasaigh, 2020; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019).




Léaráid 12: Oideolaíocht teanga ar chúrsaí (Ceannairí)



Léaráid 13: Oideolaíocht teanga ar chúrsaí (Múinteoirí)

Bunaithe ar na torthaí seo, ní mhothaíonn ceannairí go bhfuil ról lárnach ag oideolaíocht teanga in oiliúint múinteoirí. Cé go mb'fhéidir go bhfuil sí clúdaithe i roinnt modúl, tá tús áite ag réimsí eile atá le clúdach de réir CGMTÉ. Mar sin féin, tugann 58% de na múinteoirí a tháinig trí chúrsaí bunaithe ar an Ghaeilge le blianta beaga anuas, samplaí de staidéar ar oideolaíocht teanga mar mhodúl nó mar rud a bhí luaite i modúil eile, ach maíonn 38% acu nárbh amhlaidh atá, rud a thugann le fios go bhfuil níos mó oibre le déanamh i dtaca leis seo (féach fosta Ó Ceallaigh, 2013; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019).


- Muinín as teanga a mhíniú (múinteoirí)




Léaráid 14: Muinín as cumas le teanga a mhíniú ar chríochnú an chúrsa (Múinteoirí)

Maíonn 54% de na múinteoirí a thug freagra nach raibh siad muiníneach as a gcumas le teanga a mhíniú do dhaoine eile ná í a theagasc nuair a chríochnaigh siad an oiliúint tosaigh (féach fosta Ní Chathasaigh, 2020; Ó Ceallaigh *et al.*, 2019). Is féidir le duine a bheith ábalta an teanga a úsáid, ach ní hionann sin agus a rá go bhfuil siad ábalta í a mhíniú agus a theagasc do dhaoine eile (Andrews & Lin, 2017, 59). Luann cuid de na freagróirí arís an easpa taithí ó tharla nach raibh orthu é seo a dhéanamh mar chuid dá n-oiliúint tosaigh, ach creideann daoine eile gur rud é seo a fhoghlaimítear de réir a chéile tríd an rud a dhéanamh agus trí fhoghlaim ó dhaoine eile sa tsuíomh sin (Nassaji, 2012, 1). Luann daoine eile go gcaithfidh siad a bheith ag obair air seo ina gcuid ama féin trí ghraiméir agus foclóirí a úsáid nó trí fhreastal ar ranganna cruinnis teanga atá ar fáil sa phobal.

Muinín as cumas (Cúntóirí ranga)



Léaráid 15: Muinín as cumas teanga ar chríochnú an chúrsa (Cúntóirí)



Léaráid 16: Muinín as an chumas le teanga a mhíniú ar chríochnú an chúrsa (Cúntóirí)

Tá muinín ard as cumas teanga tuairiscithe i measc na gcúntóirí ranga (76%), agus 67% de na freagróirí ag maíomh go bhfuil siad muiníneach as a gcumas leis an teanga a mhíniú do dhaoine eile. Is ábhar iontais é seo ó tharla go bhfuil réimse leathan cáilíochta acu (féach aguisín 4). Ina measc, tá daoine nach bhfuil ach cáilíochtaí TGMO acu agus daoine a bhfuil céim acu sa Ghaeilge nó in ábhar eile. Tá an réimse seo ann de bharr nach bhfuil saincháilíocht shoiléir ar bith de dhíth leis an phost seo a dhéanamh (féach Sharples *et al.*, 2016). Is amhlaidh gur baineadh amach cuid mhaith de na cáilíochtaí a luadh nuair a bhíothas fostaithe, agus in a lán cásanna, bunaithe ar na tráchtanna, níor tháinig an muinín a luadh chun cinn mar gheall ar chúrsa oiliúna ach de bharr gur caitheadh am ag obair san earnáil, gur thángthas tríd an earnáil mar dhalta, nó go raibh an deis ag duine Gaeilge a labhairt sa bhaile.


- Oiliúint tosaigh: conclúid

Léiríonn na torthaí na cúlraí éagsúla atá ag cleachtóirí agus na conairí éagsúla a lean siad. Léiríonn siad an tábhacht atá le hoiliúint chuimsitheach teanga agus treoir spriocdhírthe oideolaíochta a chur ar fáil d'oidí sula mbíonn siad fostaithe san earnáil. Is gá a thuiscint nach iontas ar bith é go mbíonn bearnaí teanga ann agus caithfear deiseanna a chruthú le dul i ngleic leo. Ar an dóigh seo, is féidir leis an earnáil cur níos mó le muinín na gcleachtóirí ar fad agus caighdeán na treorach a fheabhsú.


Cultúr teanga na scoileanna

Tá tábhacht an chultúir teanga sna scoileanna pléite thíos, mar is sin an bonn faoi na luachanna a léiríonn ceannairí agus foirne. Déanann an cultúr seo cleachtais ghairmiúla na gcleachtóirí a mhúnlú agus téann sé i bhfeidhm ar chongruacht teanga agus ar chaighdeán an ionchuir a chuirtear ar fáil do dhaltaí.


- An Ghaeilge mar chritéar fostaíochta




Léaráid 17: An Ghaeilge mar chritéar poist (Múinteoirí)



Léaráid 18: An Ghaeilge mar chritéar poist (Cúntóirí)



Léaráid 19: An Ghaeilge mar chritéar poist (Ceannairí)




Léaráid 20: Measúnú ar inniúlacht (Ceannairí)

Ní nach ionadh go maíonn idir mhúinteoirí agus chúntóirí go raibh an Ghaeilge ina critéar tábhachtach nuair a bhí siad ag cur isteach ar a bpost. I dtaca le ról teagaisc, de ghnáth bíonn inniúlacht sa Ghaeilge ina réamhriachtanas, mar aon le cáilíocht mhúinteoireachta agus taithí. I dtaca le cúntóirí ranga, de ghnáth bíonn inniúlacht sa Ghaeilge nó toil le hinniúlacht a bhaint amach ina critéir riachtanacha. Maíonn 49% de cheannairí gurb í inniúlacht sa Ghaeilge an príomhchritéar, ach maíonn 32% go bhfuil an t-ualú céanna aici agus atá ag critéir eile. Tá sé seo intuigthe de bharr go mbíonn scileanna agus taithí ar leith de dhíth le bheith i do mhúinteoir nó i do chúntóir ranga éifeachtach, agus is gá seo a chinntiú sa phróiseas earcaíochta (féach Webster, 1998). Mar sin féin, nuair a bhíonn critéir éagsúla ann, thiofadh le hiarratasóir a bhfuil Gaeilge theoranta aige scór atá ard go leor a bhaint amach i leith na gcritéar eile le go n-éireodh leis, nó thiofadh dó nach mbeadh an dara rogha ag scoil ach duine a bhfuil Gaeilge theoranta aige a fhostú de bharr easpa iarratasóirí cuí (Ó Grádaigh, 2015). Seans nach mbeidh an dara rogha ag scoileanna ach glacadh le hiarratasóir nach bhfuil an inniúlacht chúí aige agus an oiliúint teanga atá de dhíth a chur ar fáil dó. Is léir seo sna náiscoilleana go háirithe agus sna hiar-bhunscoilleana i gcás na sainábhar.


Is minic a ghlactar leis an cháilíocht atá ag an iarratasóir mar chruthúnas ar an chumas teanga atá aige, ach tá seans nach ionann sin agus iarratasóir atá feasach ó thaobh na teanga de, mar atá mínithe sa taighde seo. Mar chuid de na hagallaimh, déanann go leor scoileanna (go háirithe aonaid nó sruthanna taobh istigh de scoileanna níos mó) na hagallaimh trí Bhéarla den chuid is mó. Dá bharr sin, luann roinnt freagróirí nár cuireadh ach ceist nó dhó orthu as Gaeilge. Luann scoil amháin go n-úsáideann siad scrúdú aistriúcháin mar chuid den phróiseas earcaíochta agus thiofadh leat amharc air seo mar chur

chuige níos déine ó thaobh na teanga de, fiú mura ndéanann sé an cumas a mheas i réimsí eile den fheasacht teanga.


- **Polasaí teanga na scoileanna**



Léaráid 21: Polasaí teanga sa scoil (Ceannairí)



Léaráid 22: Polasaí teanga sa scoil (Múinteoirí agus Cúntóirí)



Léaráid 23: Plé ar an chultúr teanga (Ceannairí, Múinteoirí, Cúntóirí)

Sa pholasaí teanga, is cóir cultúr teanga na scoile a chur in iúl, achoimre a thabhairt ar na heochairphrionsabail, cuspóirí agus straitéisí maidir le foghlaim teanga, teagasc agus úsáid mar mhodh cumarsáide sa scoil (Ó Laoire, 2003; Wiley & García, 2016). I bpolasaí láidir, is chóir go mbeadh fíis na scoile, an cur chuige i leith teagasc teanga agus an dóigh a mbaineann sé seo leis an churaclam, an cur chuige i leith inniúlacht teanga a mheas, an cur chuige i leith cumarsáide taobh istigh agus taobh amuigh den tseomra ranga agus an dóigh ar féidir le pobal teanga na scoile nascadh leis an phobal teanga i


gcoitinne agus cén cuidiú ba chóir a chur i bhfeidhm dá mbeadh tacaíocht teanga de dhíth ar bhall foirne nó ar dhalta. Ní hamháin go gcuireann a leithéid de pholasaí fócas comhchoiteann ar fáil ach is doiciméad é ar féidir tagairt a dhéanamh dó má bhíonn deacrachtaí teanga ann. Mar sin féin, féach Hoyle & John (1995) agus Mac Donncha (2005), a thugann rabhadh gur féidir le polasaí a bheith ina bhagairt seachas ina mhealladh, más rud é nach gcuirtear i bhfeidhm mar is ceart é.

Deir 100% de cheannairí go bhfuil polasaí ann go ndéanann siad é a phlé le hearcaigh nua. Mar sin féin, níl sé seo ag teacht le dearcadh na foirne, mar deir 20% de na múinteoirí agus na cúntóirí ranga a ndearnadh suirbhé orthu nach ndearnadh é a phlé leo, agus deir 7% nach bhfuil polasaí ann agus tá 18% ann nach raibh cinnte. Níl teacht furasta ar na polasaithe seo ar shuíomhanna idirlín na scoileanna, más ann dóibh, nó tá siad clúdaithe mar chuid de pholasaithe eile.


Ar an iomlán, maíonn 74% díobh siúd a ceistíodh gur pléadh cultúr teanga na scoile i rith ionduchtaithe, agus is rud dearfach é sin.

- **Meantóireacht**


Is cuid thábhachtach den ionduchtú i bpost úr í an mheantóireacht, go háirithe do na baill foirne siúd nach bhfuil mórán taithí acu sa ról (féach Shanks *et al.*, 2022). Cuidíonn sé le baill foirne nua socrú isteach ina ról, foghlaim faoin dóigh a n-oibríonn an scoil, foghlaim ag an obair ó chomhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu, cuireann sé tacaíocht mhothúchánach ar fáil má bhíonn baill foirne ag streachailt le socrú isteach agus tugann sé treoir dóibh i réimsí d'fhorbairt ghairmiúil agus FGL. I suíomh tumoideachais, tabhair faoi deara go bhfuil tacaíocht le cur ar fáil ó thaobh na teanga de, bíodh sin i dtaca le cumas teanga na mball foirne nua nó i dtaca leis an iompar teanga atá acu (féach Cody, 2009; Ó Grádaigh, 2015, 9).



Léaráid 24: An ndéantar meantóireacht ar fhostaithe nua? (Dar le ceannairí)



Léaráid 25: Ar tugadh meantóir duit? (Dar le múinteoirí)




Léaráid 26: Ar tugadh meantóir duit? (Dar le cúntóirí)


Deir 80% de na ceannairí a ceistíodh go bhfuil clár meantóireachta ann d'fhostaithe nua, agus luann duine amháin acu go gceaptar bainisteoir sinsearach le tacaíocht a chur a fáil ar na réimsí thuasluaite. Is suntasach nach ndeir ach 46% de na múinteoirí a ndearnadh suirbhé orthu gur cuimhin leo meantóir a bheith acu, ardaíonn sé seo go 84% i gcás na gcúntóirí ranga, cuid mhaith acu nár oibrigh i gcomhthéacs tumoideachais roimhe sin, b'fhéidir. Deir múinteoir amháin, ó tharla go bhfuil siad fostaithe i sruth Gaeilge, go ndéanann na daoine ar thaobh an Bhéarla an t-ionductú, ní chuirtear ceisteanna teanga san áireamh mar sin. Luann duine eile cur chuige níos neamhfoirmiúla, caidrimh sa tseomra foirne agus plé ginearálta. Maíonn siad siúd a fuair meantóireacht gur tugadh cuidiú dóibh maidir le ceisteanna teanga, go háirithe i dtaca le hobair na ndaltaí a mharcáil. Deir daoine eile, cé nach raibh meantóir ainmnithe acu, gur mhothaigh siad go dtiocfadh leo ceisteanna a chur ar bhaill foirne eile. Maíonn siad siúd nach bhfuair

meantóireacht go raibh orthu foghlaim as maoil a gconláin agus nach bhfuair siad meantóireacht de bharr go raibh na baill foirne eile róghnóthach le tacaíocht mar seo a thabhairt.


- **Béim ar úsáid cheart na Gaeilge**



Léaráid 27: Béim ar cheartúsáid na Gaeilge (Dar le ceannairí)



Léaráid 28: Béim ar cheartúsáid na Gaeilge (Dar le múinteoirí)




Léaráid 29: Béim ar cheartúsáid na Gaeilge (Dar le cúntóirí)

Dearbhaíonn 67% de na ceannairí a ceistíodh, 52% de na múinteoirí agus 46% de na cúntóirí go bhfuil úsáid cheart na Gaeilge tábhachtach in achán ghné d'oibríochtaí a scoile. Ní hionadh ar bith é sin ó tharla gur cuid dhílis d'éiteas agus fíis na scoileanna seo iad cur chun cinn na teanga agus cumas dátheangach. Is cosúil go dtuigeann foirne a thábhachtaí agus atá sé cruinneas teanga a chur chun cinn sa mhéid is go mbíonn sé seo ina eiseamláir do dhaltaí (Mhic Aoidh, 2021, 3; Ó Fáthasaigh, 2021, 15). Go comhfhiosach agus go neamh-chomhfhiosach, beidh tionchar ag an chaighdeán Gaeilge a fheiceann


agus a chluineann na daltaí ó na heiseamláirí teanga seo, mar sin de, tá sé ríthábhachtach go mbíonn an t-aschur teanga seo cruinn, bíodh sin sa dóigh a labhraítear Gaeilge i measc na foirne agus idir an fhoireann agus na daltaí taobh istigh agus taobh amuigh den tseomra ranga, sa chomharthaíocht agus sna taispeántais bhalla ar fud na scoile nó sna hacmhainní, na nótaí scríofa agus an t-aiseolas a thugtar do dhaltaí. Má smaoiníonn muid ar shuíomh Béarla, ní ghlacfaí le droch-chaighdeán Béarla sna haschuir seo mar go dtuigtear go mbeadh tionchar aige sin ar dhaltaí.

D'ainneoin an tábhacht a chuireann na freagróirí ar chruinneas, i ndiaidh cuairt a thabhairt ar roinnt scoileanna agus labhairt le go leor cleachtóirí, cuid acu a bhí ar chúrsaí a theagascann an taighdeoir, agus i ndiaidh suirbhé a dhéanamh ar chomhfhreagrú scríofa, tríd an taighde seo agus trí dhéileáil leis na scoileanna, ní hionann an fhís agus an fhírinne i gcónaí. Thiocfadh leat a lán samplaí a thabhairt de mheancóga litrithe, gramadaí agus fóineolaíochta. Is féidir dhá chúis a lua do na meancóga seo. Sa chéad dul síos, mar a dúirt 33% de cheannairí, 31% de mhúinteoirí agus 39% de chúntóirí, ní hiad ceisteanna cruinnis teanga na ceisteanna is tábhachtaí ag cleachtóirí, cé go bhfuil siad tábhachtach. Ar bhonn laethúil, bíonn orthu déileáil le go leor ceisteanna a bhaineann le riarachán, tréadchúram, agus cleachtadh ranga, agus mar gheall ar an ualach oibre seo déantar meancóga ó tharla go gcruthaítear aschur faoi dheifir. Ar a bharr seo, mar a luadh roimhe, agus mar a anailíseofar thíos, tá siad siúd atá ag cruthú an aschuir ar thuras foghlama iad féin agus is gá meancóga a dhéanamh le teanga a fhoghlaim (Al-Sobhi, 2019). Is féidir meancóga a bheith ann, dar ndóigh, ach chun iad a réiteach, caithfidh comhoibriú a bheith ann i measc na foirne le hearráidí a aithint agus a cheartú agus freagracht a ghlacadh as a bhfeidhmíocht agus a bhforbairt teanga féin nuair is gá.


- **Comhoibriú ar cheisteanna teanga**



Léaráid 30 An bpléann comhghleacaithe ceisteanna teanga? (dar le ceannairí)



Léaráid 31 An bpléann comhghleacaithe ceisteanna teanga? (dar le múinteoirí)




Léaráid 32 An bpléann comhghleacaithe ceisteanna teanga? (dar le cúntóirí)


Mar gheall ar cé chomh tábhachtach agus atá sé cuidiú le chéile meancóga a aithint agus a réiteach agus tacaíocht a thabhairt do chur chun cinn teanga a chéile, cuireadh ceist ar chleachtóirí faoin dóigh a mbíonn siad ag comhoibriú lena chéile. Maíonn 71% de na ceannairí, 65% de na múinteoirí agus 67% de na cúntóirí a thug freagra go mbíonn siad ag plé ceisteanna teanga ar nós fuaimnithe, gramadaí agus téarmeolaíochta. Déanann cuid acu é seo ar bhealach neamhfhoirmiúil ad-hoc, mar shampla i seomra na foirne, agus eagraíonn daoine eile seisiúin tacaíochta dóibh siúd a bhfuil ceisteanna acu. Is é an príomhdhearcadh, áfach, cé go bhfuil an plé seo thar a bheith tábhachtach, bíonn comhghleacaithe róghnóthach leis seo a dhéanamh ar bhonn leanúnach de bharr na gcoimintí eile atá acu agus plé níos práinní níos géire a bhíonn le déanamh ar cheisteanna a bhaineann leis na daltaí. Tá an tuairim ann

fosta, áfach, go mbíonn cuid den fhoireann níos sásta ná an chuid eile plé mar seo a dhéanamh. Cé gur ceart go mbeadh ceisteanna teanga mar thosaíocht ag achan duine, tá roinnt ball foirne níos spreagtha ina leith sin ná daoine eile mar amharcann siad ar a ról mar cheann atá dírithe ar theanga, nó tá níos mó suim acu i gceisteanna teanga agus i gcruinneas teanga.


- **Profáil**



Léaráid 33: An ndéanann comhghleacaithe obair a chéile a phrofáil? (dar le ceannairí)



Léaráid 34: An ndéanann comhghleacaithe obair a chéile a phrofáil? (dar le múinteoirí)



Léaráid 35: An ndéanann comhghleacaithe obair a chéile a phrofáil? (dar le cúntóirí)


De réir thorthaí an tsuirbhé, thug 100% de cheannairí, 91% de mhúinteoirí, agus 84% de chúntóirí go n-iarrann siad ar dhuine eile a gcuid oibre a phrofáil i gcónaí nó cuid den am. Ní féidir áibhéil a dhéanamh faoin tábhacht atá le profáil mar ghníomhaíocht ghairmiúil. Mar a luadh thuas, ní hamháin go gcinntíonn profáil cruinneas agus leanúnachas, ach éascaíonn sí plé agus foghlaim ó phiaráí. Is suntasach, áfach, nach bhfuil an ghníomhaíocht seo chomh coitianta sin i scoileanna Béarla. Tarlaíonn sé seo de bharr go

n-amharctar ar theanga mar mhodh cumarsáide seachas mar éiteas scoile, agus glactar leis go mbeidh inniúlacht sa Bhéarla ag daoine as siocair formhór na foirne a bheith ina gcainteoirí dúchais. Is léir uaidh seo an tiomantas atá ag foirne Gaeloideachais i leith na teanga, ach léiríonn sé fosta go bhfuil éiginnteacht ann ó thaobh na teanga de. Is é an toradh atá air seo ná ualach breise d’obair ar bharr ualach atá trom cheana féin.


Is fiú a lua go ndúirt formhór na ndaoine in achan ghrúpa go ndéanann siad profáil nuair a bhíonn an t-am acu. Corruair, de bharr go mbítear faoi dheifir leis an obair, ní bhíonn go leor ama ann le dul tríd na céimeanna éagsúla profála agus eagarthóireachta. Cuir i gcás, tá níos mó seans ann go ndéanfar litir do thuismitheoirí, nó foilseachán atá cur ar fáil go poiblí a phrofáil i gcomparáid le nótaí do dhaltaí nó aiseolas lámhscríofa ar obair bhaile.

Ó tharla nach mbíonn sé i gcónaí praiticiúil nó nach féidir i gcónaí profáil a dhéanamh, tá sé fíorthábhachtach d’achan bhall foirne a chuireann amach ábhar scríofa go mbeidh na scileanna riachtanacha teanga acu agus ní mór dóibh a bheith ar an eolas faoina bhfreagracht phearsanta i dtaca le seiceáil a dhéanamh iad féin agus tuairim eile a lorg, seachas meon ar nós cuma liom a ghlacadh.


- **Ceartúchán meancóga**



Léaráid 36: An gcuirfeá meancóg theanga in iúl do chomhghleacaí? (Ceannairí)



Léaráid 37: An gcuirfeá meancóg theanga in iúl do chomhghleacaí? (Múinteoirí)



Léaráid 38: An gcuirfeá meancóg theanga in iúl do chomhghleacaí? (Cúntóirí)

Chun cultúr cruinnis teanga a chothú, tá sé ríthábhachtach cur chuige a bhunú ina ndéantar meancóga in aschur teanga a aithint go gasta agus a chur ar shúile na ndaoine a rinne iad ar mhaithe le ceartú. Ní hamháin go gcinntíonn an cleachtas seo cruinneas teanga ach ligeann sé do bhaill foirne déileáil le botúin shimplí chló nó réimsí a aithint ina mbainfeadh siad leas as comhairle a lorg nó féinfhoghlaim a dhéanamh.

I measc na gceannairí agus na múinteoirí a ghlac páirt sa tsuirbhé, chuir formhór mór, 60% agus 68% faoi seach, in iúl go mbeadh an cinneadh le haird a tharraingt ar mheancóga a ag brath ar an duine atá i gceist. Tugann sé seo le fios go mbeadh roinnt daoine níos oscailte do léirmheastóireacht chuiditheach, ach go n-éireodh daoine eile cosantach nuair a cheistítear úsáid na teanga s'acu.

Chomh maith leis sin, ní bhíonn comhghleacaithe ag iarraidh ardnós a léiriú ó thaobh na teanga de, ná cuma shaoithíneach cháinteach a bheith orthu.

Is gá cothromaíocht a aimsiú idir cuidiú le comhghleacaithe a bheith níos cruinne agus aighneas a sheachaint. Lena chois sin, mura dtéitear i ngleic leis an scéal ar bhealach cúramach, tá baol ann go mbainfear de mhuintín teanga na daoine siúd a bhfuil an obair s'acu le ceartú, rud a chuirfeadh isteach ar a bhfionn teanga a chruthú (Féach Aziz, M. F., & Jayaputri, 2023).

Tá sé suimiúil gur chuir 67% de chúntóirí in iúl go bhfuil siad sásta meancóga a thabhairt le fios má thugann siad faoi deara iad. Is ábhair iontais é seo as siocair go mb'fhéidir go mbeadh na meancóga á ndéanamh ag daoine a bhfuil poist níos sinsearaí níos freagraí acu. Mar sin féin, is féidir leis seo léargas a thabhairt ar éiteas na nGaelscoileanna, go dtagann achan duine le chéile agus go n-amharctar orthu mar an gcéanna beag beann ar a sinsearach. Tugann sé le fios fosta an cumas atá ag roinnt cúntóirí ó tharla go bhfuair siad oiliúint fhócasaithe teanga in áit é seo a dhéanamh mar chuid de chúrsa níos mó.

- **Cultúr teanga na scoileanna: conclúid**


Tá cuir chuige éagsúla maidir le cultúr láidir teanga a chothú le tabhairt faoi deara i measc na scoileanna agus i measc na mball foirne éagsúla. Is dúshlán é do cheannaire ar bith tábhacht an bhairr feabhais teanga a chothú ón bharr anuas agus dea-nósanna teanga a spreagadh agus tacaíocht á tabhairt do bhaill foirne a bhfuil cuidiú de dhíth orthu gan iad a choimhthiú, rud a rachadh i bhfeidhm ar a muintín nó a chruthódh ordlathas d'úsáideoirí teanga i scoil éigin.

Úsáid, fios agus muintín na teanga


Tá go leor den phlé ar chultúr teanga i scoileanna ag brath ar fheasacht teanga na foirne.

Is gá tuiscint a fháil ar an dóigh a n-úsáideann cleachtóirí san earnáil Ghaeloideachais an teanga agus a measann siad a gcumas agus a muintín féin, go háirithe nach ionann fostaíocht san earnáil seo agus ardcumas.

- **Úsáid na Gaeilge**



Léaráid 39: Úsáid na Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh den tseomra ranga (Múinteoirí)




Léaráid 40: Úsáid na Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh den tseomra ranga (Cúntóirí)

Deir 63% de mhúinteoirí go n-úsáideann siad a oiread Gaeilge agus is féidir taobh istigh agus taobh amuigh den tseomra ranga. Is dócha nach ionadh ar bith é seo ó tharla gur ndearna siad an rogha le bheith ag obair san earnáil Ghaeloideachais agus mar sin de, tá suim acu in úsáid agus cur chun cinn na

teanga. Tá sé suntasach, áfach, go ndeir 29% de mhúinteoirí agus 68% de chúntóirí gur mian leo Gaeilge a úsáid an t-am ar fad ach nach féidir. Léiríonn sé seo go bhfuil scéal na teanga éagsúil. Bíonn roinnt ball foirne sa scoil nach bhfuil go leor Gaeilge acu le bheith ag caint go furasta sa teanga, mair sin de, bíonn orthu siúd ar féidir leo, tiontú chuig an Bhéarla le freastal orthu. Chomh maith leis sin, in aonaid nó sruthanna Gaeilge, tá daoine gan Ghaeilge nó daoine nach mbíonn ag plé leis an Gaeilge thart timpeall ar an fhoireann, is gá Béarla a úsáid le bheith mar chuid den fhoireann ar fad mar sin.

- Gaeilge a chruthú




Léaráid 41: An ndéanann tú acmhainní a chruthú? (Múinteoirí)

Léaráid 42: An bhfuil ort scríobh i nGaeilge? (Cúntóirí)


Is minic a dúradh go mbíonn ar chleachtóirí Gaeloideachais a gcuid acmhainní féin a chruthú, níos mó ná a gcomhghleacaithe i suíomhanna Béarla, mar gheall ar easpa acmhainní saincheaptha don Ghaeloideachas (Féach Ó Domagáin 2021). Ina ainneoin sin, glacfaidh achan mhúinteoir in achan suíomh an méid atá ar fáil agus cuirfidh siad in oiriúint é dá stíl teagaisc féin nó do riachtanais a gcuid foghlaimeoirí féin. Do mhúinteoirí Gaeloideachais, ní hamháin go dtógann sé am acmhainní Béarla atá ar fáil a aistriú nó acmhainní a chruthú ón tús, ach tá sé dúshlánach ó thaobh na teanga de (féach Stansfield *et al*, 2022). Déanann 92% de mhúinteoirí é seo agus nuair a amharctar ar an réimse cumas teanga mar atá leagtha amach thíos, agus an méid ama a thógann sé le profáil a dhéanamh mar atá leagtha amach thuas, tá sé intuigthe go mbeadh meancóga teanga ann.

Deir 58% de chúntóirí gur gá dóibh Gaeilge a scríobh, agus arís eile, beidh caighdeán na scríbhneoireachta seo ag brath ar a gcumas teanga agus na hiarrachtaí a dhéantar lena profáil.


- Eolas suibichtúil ar an Ghaeilge: Foireann ranga




Léaráid 43: Leibhéal féinmheasúnaithe ar an CCTE (Múinteoirí)



Léaráid 44: Leibhéal féinmheasúnaithe ar an CCTE (Cúntóirí)



Léaráid 45: Sásta leis an leibhéal Gaeilge agus muiníneach leis? (Múinteoirí)



Léaráid 46: Sásta leis an leibhéal Gaeilge agus muiníneach leis? (Cúntóirí)


Mar a bheifeá ag súil leis i dtimpeallacht tumoideachais, measann sciar maith de mhúinteoirí (65%) agus cúntóirí (63%) go bhfuil siad iontach iniúil (C2) nó ar ardchaighdeán (C1) de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CCTE) (féach aguisín 8). Léiríonn na leibhéil fhéinmheasúnaithe go bhfuil

leibhéal measartha ard ann ó thaobh cumas teanga de, más amhlaidh atá, is maith an rud é sin. Mar sin féin, is tábhachtach a lua go mbíonn na measúnuithe seo suibhachtúil agus féintuairiscithe, rud nach mbeadh ag teacht le measúnuithe foirmiúla a úsáideann na hacmhainní measúnaithe a forbraíodh mar chuid den tionscadal seo (Aguisín 5). Féach Blue (1994) faoi choinne plé ar scileanna teanga féinmheasúnaithe.


Ina theannta sin, cuireann céatadán suntasach de mhúinteoirí (27%) agus cúntóirí (26%) iad féin leibhéal amháin thíos faoi sin (rud a thugann leibhéal measartha ard le tuiscint go fóill). Mar sin féin, is cóir a aithint go síleann 8% den fhoireann teagaisc agus 10% de chúntóirí go bhfuil siad ag leibhéal níos ísle ná ar-idirmheánach, rud a léiríonn go bhfuil tacaíocht teanga de dhíth ar roinnt daoine. Tá an gá le tacaíocht ag teacht leis an fhianaise ó Ní Chathasaigh agus Ó Ceallaigh (2021).

Fiú i measc na ndaoine siúd a shíleann go bhfuil ardchumas acu, admhaítear gur féidir feabhsúcháin a dhéanamh (Nic Réamoinn, 2017; Ní Chathasaigh, 2020). Deir formhór na bhfreagróirí, 81% de mhúinteoirí agus 74% de chúntóirí go bhfuil muinín acu as a gcumas ach admhaíonn siad gur féidir leo feabhsúcháin a dhéanamh. Léiríonn sé seo dearcadh dearfach i dtaca le féinfheabhsú, ach tugann sé le fios go bhfuil easpa muiníne i measc roinnt cleachtóirí.

- **Eolas oibiachtúil ar an Ghaeilge: Foireann ranga**




Léaráid 47: Caighdeán na Gaeilge san fhoireann (Dar le múinteoirí)




Léaráid 48: Caighdeán na Gaeilge san fhoireann (Dar le cúntóirí)

Chun dearcadh níos oibiachtúil a chur ar fáil, iarradh ar fhreagróirí cumas ginearálta teanga a mheas i measc na foirne teagaisc, rud a nochtann scéal níos éiginnte. Léiríonn na torthaí go n-admhaíonn 80% de mhúinteoirí agus 84% de chúntóirí gur féidir le formhór na foirne Gaeilge a labhairt, ach ag leibhéal éagsúla cumais. Bheifeá ag súil leis an éagsúlacht seo i leibhéal inniúlachta i bpobal cainteoirí ar bith, go háirithe nuair a bhíonn cúlraí teanga éagsúla (féach léaráid 7/8) agus conairí foghlama teanga éagsúla (féach leathanach 31) ag na daoine sa phobal. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach pobal aonchineálach é an pobal teanga i scoil, agus mar sin de, ní féidir cur chuige aonchineálach a bheith ann i dtaca le deiseanna forbartha teanga, ach is cóir dul i ngleic leis na riachtanais ar leith atá ag daoine.


- **Leibhéal mhuiníne: dearcadh oibiachtúil ar fhoireann ranga**



Léaráid 49: An mbíonn cuid den fhoireann ag streachailt lena muinín? (Dar le ceannairí)





Léaráid 50: An mbíonn cuid den fhoireann ag streachailt lena muinín? (Dar le múinteoirí)



Léaráid 51: An mbíonn cuid den fhoireann ag streachailt lena muinín? (Dar le cúntóirí)

Deir 77% de cheannairí, 77% de mhúinteoirí agus 89% de chúntóirí go bhfuil baill den fhoireann ranga a bhíonn ag streachailt lena muinín teanga, agus tá comhghaol idir sin agus na leibhéil éagsúla cumas atá leagtha amach thuas. Deirtear go mbíonn an claonadh ag baill foirne a gcumas teanga féin a chur i gcomparáid le cumas daoine eile agus nuair a shíleann siad go bhfuil siad níos laige, bíonn tionchar aige seo ar a dtoilteanas an teanga a úsáid nó a scríobh (Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh, 2021, 96). Níl rud ar bith ann a thabharfadh le fios go bhfuil ardnós i measc na foirne ó thaobh na teanga de, ach ó tharla go maíonn a lán freagróirí go bhfuil easpa deiseanna feabhsaithe ag na baill foirne siúd a bhíonn ag streachailt le cumas nó muinín, tá an baol ann go dtiocfadh le scoilt a bheith ann i roinnt scoileanna idir na duine is iniúla ó thaobh na teanga de agus na baill a mbainfeadh leas as forbairt a dhéanamh.

- **Eolas oibiachtúil ar an Ghaeilge: foireann neamhtheagaisc**



Léaráid 52: Úsáid Ghaeilge na foirne (Dar le múinteoirí)



Léaráid 53: Úsáid Ghaeilge na foirne (Dar le múinteoirí agus cúntóirí)

Cuirtear tuiscint níos cuimsithí ar fáil maidir leis na cumais teanga i scoil má chuirtear leis an anailís chun pobal iomlán na scoile a chur san áireamh, foireann taobh amuigh den tseomra ranga san áireamh, amhail riarthóirí, glantóirí, feighlithe. Cé nach mbíonn teagmháil díreach idir na baill foirne seo agus na daltaí, nó nach mbíonn an leibhéal céanna tionchair agus a bheadh ag an fhoireann sa rang, cuireann siad go fóill le pobal teanga na scoile ar an iomlán (féach Alanis & Rodriguez, 2008). Feictear anseo scéal cosúil lena bhfuil luaite thuas, agus próifíl éagsúla cumais maíte ag formhór na ndaoine.

B'fhéidir gurbh fhiú deiseanna oiliúna teanga a thairiscint do bhaill foirne nach mbíonn sa tseomra ranga mar tugann sé sin aitheantas dá ról mar bhaill de phobal na scoile agus admhaíonn sé an tábhacht a bhaineann le cultúr teanga comhroinnte a chothú i measc na mball foirne ar fad. Cuireann sé deiseanna

ar fáil fosta faoi choinne níos mó úsáid agus teagmháil teanga, mar is féidir comhrá bunúsach fiú as Gaeilge cuidiú le timpeallacht thumtha teanga a chruthú taobh istigh den scoil. Dá réir sin, is féidir leis seo dea-thionchar a bheith aige ar dhaltaí, mar feiceann siad úsáid leanúnach teanga ar fud phobal na scoile. Thiocfadh dó, áfach, nach bhfuil an spreagadh ann, go háirithe in aonaid nó sruthanna Gaeilge, áiteanna a síltear nach gá Gaeilge a labhairt.

- **Tionchar na ndaltaí ar Ghaeilge na gcleachtóirí**




Léaráid 54: An ndéanann tú do chuid Gaeilge a shimpliú do na daltaí? (Múinteoirí agus Cúntóirí)


Léaráid 55: An dtéann an Ghaeilge a úsáideann tú sa rang i bhfeidhm ar an Ghaeilge a úsáideann tú taobh amuigh den rang? (Múinteoirí agus cúntóirí)

Oibríonn cumarsáid idir an fhoireann agus daltaí an dá bhealach. Tá a fhios ag cleachtóirí gur seans nach bhfuil tuiscint iomlán ag na daltaí ar an teanga go fóill agus mar sin de, go mbíonn orthu a gcuid Gaeilge a chur in oiriúint le go dtuigfear í, aontaíonn 80% de mhúinteoirí agus 56% de chúntóirí ranga leis seo. Cé gur féidir amharc air seo mar dhea-chleachtas agus mar thacaíocht lárnach i dturas foghlama teanga na ndaltaí, tá an baol ann go n-éireoidh an réim shimplithe shrianta seo inmheánaithe (féach Goodman and Freeman, 1993; Walsh, 2002). Má úsáideann formhór na gcleachtóirí an réim seo den chuid is mó, níl an deis á tabhairt dóibh léargas teanga níos fearr a fháil agus talamh nua a bhriseadh i dtaca lena gcumas teanga, atá ina cuid lárnach dá dturas foghlama féin. Cuir i gcás cúntóir náiscoilé a úsáideann focail agus frasaí simplí as siocair gur sin leibhéal na bpáistí. Sa chás seo, ní ligtear dóibh struchtúir níos casta a chleachtadh agus dúshlán a chur rompu ó thaobh na teanga de ar mhaithe le féinfheabhsú. Caithfidh cleachtóirí, mar sin, cothromaíocht a aimsiú idir a dteanga a chur in oiriúint do chumarsáid éifeachtach le daltaí agus deiseanna a lorg lena gcuid scileanna teanga féin a fheabhsú.

- Teagasc trí Ghaeilge



Léaráid 56: Sásta an curaclam ar fad a theagasc trí Ghaeilge? (Múinteoirí)




Léaráid 57: Sásta an curaclam ar fad a theagasc trí Ghaeilge? (Cúntóirí)

Léiríonn an cheist seo, cé go ndeir formhór na bhfreagróirí go bhfuil ardchumas acu, go mbíonn deacrachtaí teanga acu go fóill i gcodanna áirithe den churaclam I measc na bhfreagróirí, admhaíonn 42% de mhúinteoirí agus 58% de chúntóirí go raibh deacrachtaí mar sin acu. Is minic a thagann na dúshláin seo aníos nuair a bhíonn ábhair choimhthíocha á dteagasc acu.


I roinnt cásanna, bíonn an saineolas atá de dhíth don ábhar ag cleachtóirí, ach b'fhéidir go bhfuair siad an t-eolas trí mheán an Bhéarla. Dá bharr sin, nuair a bhíonn orthu teagasc nó tacú leis an teagasc trí Ghaeilge, thiofadh dó nach bhfuil an stór focal riachtanach acu nó nach bhfuil sé go hiomlán foghlamtha acu go fóill, nó bíonn struchtúir ardteanga nach bhfuil acu le húsáid san ábhar (Féach Ó Grádaigh, 2015).

Tá castacht eile oideolaíochta a thagann chun cinn mar gheall air seo. Ní hamháin go mbeadh siad ag streachailt ó thaobh na teanga de le codanna áirithe den churaclam, ach bíonn orthu an teanga a dhéanamh intuigthe do dhaltaí a bheadh ag streachailt leis an teanga mar aon leis an ábhar ó thaobh coincheapa de. Tá scileanna áirithe de dhíth leis seo a dhéanamh go héifeachtach.

- **Muinín as teanga a mhíniú**



Léaráid 58: Muiníneach ag míniú foirmeacha cearta Gaeilge? (Múinteoirí)



Léaráid 59: Muiníneach ag míniú foirmeacha cearta Gaeilge? (Cúntóirí)

Deir formhór mór de na múinteoirí (81%) go bhfuil siad muiníneach as a gcumas le foirmeacha cearta Gaeilge a mhíniú, ag glacadh róil mar anailísithe agus oidí teanga go héifeachtach (Lindahl, 2016). Measann a lán múinteoirí go bhfuil an ghné seo dá bpost ina cuid lárnach dá ndualgais. Mar sin féin, admhaíonn roinnt múinteoirí, cé go bhfuil siad muiníneach den chuid is mó, go dtiocfadh leo a bheith níos fearr i dtaca le gnéithe ar leith dá gcuid eolas faisnéiseach, rud atá ag teacht le torthaí Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh (2021).

Deir múinteoirí fosta go mbíonn sé measartha furasta meancóga a mhíniú sna heochairchéimeanna luatha nuair nach mbíonn na riachtanais teanga chomh dian sin. In eochairchéim 1-3, bíonn an réim theanga níos simplí, agus téitear i ngleic leis na foirmeacha bunúsacha céanna den teanga go minic. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a chur san áireamh nach ionann cumas féintuariscithe agus fíorfheidhmiú i gcónaí. Trí anailís agus measúnú breise, ag baint úsáid as na trialacha feasachta teanga atá cruthaithe mar chuid den taighde seo (féach aguisín 9/10), chuirfí meastóireacht níos cruinne ar fáil ar inniúlacht na múinteoirí i dtaca le coincheapa teanga a mhíniú.

Os a choinne sin, léiríonn cúntóirí níos lú muiníne sa réimse seo, ní deir ach 45% go bhfuil siad muiníneach as a gcumas le foirmeacha cearta Gaeilge a mhíniú do dhaltaí. Is figiúir measartha ard é seo go fóill féin, áfach. Thiocfadh dó go mbeadh go leor tosca taobh thiar den 44% eile a deir nach bhfuil

siad go hiomlán ar a gcompord. Cuir i gcás, thiocfadh dó gur ar an mhúinteoir go príomha atá an fhreagracht foirmeacha teanga a mhíniú, nó b'fhéidir nach mbeadh deacrachtaí ag cúntóirí ach le foirmeacha teanga ar leith. Déantar na deacrachtaí seo a mhíniú níos mó thíos.

- **Dúshláin ar leith**

Scil	Dar le Ceannairí	Dar le Múinteoirí	Dar le Cúntóirí
Gramadach ceart sa scríobh	100%	85%	58%
Gramadach ceart sa chaint	80%	54%	63%
Stór focal ábhartha	60%	35%	53%
Gaeilge Chaighdeánach vs Gaeilge Chanúnach	NB	35%	19%
Rialacha a mhíniú	80%	35%	37%
Canúintí eile a thuiscint	20%	31%	26%
An Ghaeilge i gcomhthéacsanna coimhthíocha	60%	31%	47%
Cleachtaí teanga a ullmhú	NB	23%	NB
Cainteoirí dúchais a thuiscint	40%	15%	26%
Idirdhealú a dhéanamh idir ceart agus mícheart	60%	15%	26%
Cainteoirí coimhthíocha a thuiscint	20%	8%	42%
Aistriúchán díreach ón Bhéarla a sheachaint	60%	8%	26%
Córas fuaimnithe na Gaeilge	20%	15%	16%

Léaráid 60: Dúshláin ar leith

Tugann torthaí an tsuirbhé léargas, bunaithe ar fhéinmheasúnú, ar na deacrachtaí coitianta a bhíonn ag cleachtóirí teanga (Ó Ceallaigh *et al.*, 2020).

Dar le ceannairí, is é an gramadach ceart sa scríobh an deacracht is ábhartha, agus mhaígh 100% acu go mbíonn sé seo ina dheacracht don fhoireann. Ina dhiaidh seo tá gramadach ceart sa chaint agus rialacha a mhíniú, tuairiscithe ag 80%. I measc na ndúshlán eile a d'aithin ceannairí, tá an Ghaeilge i gcomhthéacsanna coimhthíocha, idirdhealú a dhéanamh idir ceart agus mícheart, agus aistriúchán díreach ón Bhéarla a sheachaint, a bhí luaite ag 60%. Bhí cainteoirí dúchais a thuiscint luaite ag 40%, agus bhí canúintí eile a thuiscint, cainteoirí coimhthíocha, agus córas fuaimnithe na Gaeilge luaite ag 20%.

Léiríonn na deacrachtaí a thug múinteoirí le fios patrún cosúil leis seo. Luaigh formhór na múinteoirí, 85%, go mbíonn gramadach sa scríobh ina dhúshlán, agus chuir 54% béim ar ghramadach sa teanga labhartha. Ina theannta sin, thug múinteoirí le fios go mbíonn deacrachtaí le stór focal, idirdhealú a dhéanamh idir Gaeilge chaighdeánach agus Gaeilge chanúnach agus rialacha a mhíniú (35%). Ba dhúshlán shuntasacha iad canúintí eile a thuiscint agus an Ghaeilge i gcomhthéacsanna coimhthíocha ag 31%, agus deacrachtaí eile níos ísle.

Do chúntóirí ranga, an deacracht is mó a luadh ná gramadach ceart sa chaint, luaite ag 63% de na freagróirí. Ina dhiaidh seo, bhí gramadach ceart sa scríobh ag 58% agus eolas ar an stór focal ábhartha ag 53%. Bhí Gaeilge i gcomhthéacsanna coimhthíocha measartha ard ag 47%, mar a bhí cainteoirí coimhthíocha ag 42%.

Is léir go bhfuil an gramadach, sa chaint agus sa scríobh, ar an dúshlán is mó ó thaobh na teanga de. Mar sin féin, tá difríochtaí beaga idir na grúpaí. Tá léargas níos leithne ag ceannairí ar an fhoireann go ginearálta, ach tá riachtanais teanga difriúla ag múinteoirí agus ag cúntóirí ranga. Mar shampla, bíonn múinteoirí ag déileáil le níos mó Gaeilge scríofa, agus fágann sin go mbíonn gramadach sa scríobh níos tábhachtaí dóibh. Ar an lámh eile, seans go mbeidh múinteoirí ar an eolas fán stór focal ábhartha i gcomparáid le cúntóirí ó tharla go bhfuil eolas acu ar an ábhar.

Is léir nach grúpa aonchineálach iad na baill foirne i suíomhanna Gaeloideachais, agus tá riachtanais ar leith ag achan duine ó thaobh na teanga de. Cuideoidh an fhoirm féinmheasúnaithe agus na trialacha feasachta teanga atá forbartha mar chuid den tionscadal seo leis an fhoireann tuiscint iomlán a fháil ar réimsí atá le feabhsú. Tá gá le teorú chuig oiliúint atá ar fáil nó le deiseanna oiliúna saincheaptha chruthú, ní mór freastal ar na riachtanais oiliúna teanga éagsúla a leagtar amach thuas.

Úsáid, fios agus muinín teanga: conclúid


Léiríonn na sonraí anseo tírdhreach teanga ilghnéitheach i measc na gcleachtóirí, rud a chuireann béim ar an tábhacht a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar a scileanna teanga, a muinín agus a gcumas.

Cé go léiríonn líon suntasach de mhúinteoirí agus cúntóirí leibhéal inniúil Gaeilge agus go ndéanann siad iarracht úsáid fhorleathan a bhaint aisti, tá dúshláin rompu agus admhaíonn siad go bhfuil gá le feabhas breise. Chun na feabhsúcháin seo a éascú go héifeachtach, ní mór tacaíocht oiriúnaithe a dhearadh nuair nach bhfuil tacaíocht fhóirsteanach ar fáil cheana féin.


Cleachtas sa tseomra ranga

Beidh tionchar ag na leibhéil chumais, mar a pléadh sa rannán roimhe seo, ar chleachtas na gcleachtóirí sa tseomra ranga gan dabht, i dtaca lena muinín agus a gcumas leis an teanga a chur san áireamh ina gcuid teagaisc ar fad. Caithfear a rá, áfach, go mbeidh tionchar ag leibhéal na rannpháirtíochta le teagasc teanga ar fheasacht teanga na gcleachtóirí fosta.

- Tionchar na gcleachtóirí ar dhaltaí



Léaráid 61: An bhfuil tionchar ag inniúlacht an chleachtóra ar dhaltaí? (dar le ceannairí, múinteoirí agus cúntóirí)




Léaráid 62: An amharcann cleachtóirí orthu féin mar eiseamláirí teanga? (dar le ceannairí, múinteoirí agus cúntóirí)

Agus na cleachtóirí ar fad curtha san áireamh, tá comhaontú láidir ann go mbíonn tionchar díreach ag a n-inniúlacht teanga féin ar dhaltaí (94%). Ciallaíonn sé seo go n-aithníonn cleachtóirí an ról rithábhachtach atá ag a scileanna teanga maidir le heispéiris foghlama agus torthaí teanga na ndaltaí (Darling-Hammond, 2000). Ina theannta sin, glacann formhór mór (84%) de na freagróirí leis go bhfuil


siad freagrach as a bheith ina n-eiseamláirí teanga dá ndaltaí (Mhic Aoidh, 2021, 3; Ó Fáthasaigh, 2021, 15).

Ní nach ionadh, mar sin, go ndéanfadh siad iarracht dea-shampla a thabhairt de réir a gcumas éagsúla féin. Tuigtear go bhfuil níos mó i gceist le teagasc éifeachtach i suíomh Gaeloideachais ná an t-ábhar a theagasc go héifeachtach, agus go bhfuil cothú na húsáide cirte teanga agus na scileanna cumarsáide in achan chaidreamh foghlama i gceist fosta.


- **Cé acu cur chuige is fearr?**




Léaráid 63: Cé acu cur chuige is fearr? (dar le ceannairí)



Léaráid 64: Cé acu cur chuige is fearr? (dar le múinteoirí)



Léaráid 65: Cé acu cur chuige is fearr? (dar le cúntóirí)




Léaráid 66: Cá háit ar chóir béim a chur? (dar le ceannairí, múinteoirí agus cúntóirí)


Agus an cur chuige is fearr i leith teagasc Gaeloideachais a mheas, is suntasach a lua go gcreideann 60% de cheannairí go dtagann cumas teanga na ndaltaí ón teagasc teanga díreach in ait a bheith ag brath ar shealbhú nádúrtha trí thumadh amháin. I gcodarsnacht leis sin, tá 54% de mhúinteoirí agus 53% de chúntóirí i bhfách le cur chuige cumaisc, ina bhfuil teagasc díreach agus sealbhú nádúrtha beirt.

Maidir le cleachtais sa tseomra ranga, tá comhaontú i measc na dtrí ghrúpa gur gá, i rang tumoideachais, cothromaíocht a aimsiú idir teagasc ábhair agus teagasc teanga. Admhaítear go forleathan, nuair a bhíonn daltaí i mbun ábhar a fhoghlaim, gur gá an aird chéanna a thabhairt ar fhorbairt a gcuid scileanna teanga. Léiríonn an admháil seo an tuiscint go bhfuil teanga ní hamháin ina huirlis chumarsáide ach ina cuid ríthábhachtach de rath acadúil agus de thorthaí foghlama foriomlána i suíomh Gaeloideachais, agus go mbíonn straitéisí ar leith de dhíth leis seo a bhaint amach.


- **Úsáid FCÁT sa tseomra ranga**



Léaráid 67: Béim ar FCÁT (Dar le ceannairí)



Léaráid 68: Béim ar FCÁT (Dar le múinteoirí)





Léaráid 69: Béim ar FCÁT (Dar le cúntóirí)

Tá Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) ar cheann de na straitéisí oideachais atá aitheanta mar dhea-chleachtas sa tsuíomh tumoideachais anois (Coyle, 2010). Is cosúil, áfach, go bhfuil úsáid FCÁT sa tseomra ranga ag brath ar an mhúinteoir agus ar an ábhar ar leith sa churaclam atá á theagasc acu, dar le 80% de na ceannairí a ndearnadh suirbhé orthu. Is ábhar iontais é nach ndeir ach 31% de mhúinteoirí go n-úsáideann siad FCÁT, agus tugann céatadán giota níos airde (38%) le fios go bhfuil a fhios acu faoin choincheap ach nach bhfuil mioneolas acu air. Is suntasach go n-admhaíonn aon trian de mhúinteoirí (31%) nach bhfuil a fhios acu faoi FCÁT.

I measc na gcúntóirí ranga, níl a fhios ag 68% faoi choincheap FCÁT, rud a mbeifeá ag súil leis ó tharla nach bhfuil de phríomhchúram orthu a bheith ar an eolas faoi chuir chuige teagaisc. Ina áit sin, is é an ról atá acu tacú leis an mhúinteoir torthaí foghlama an ranga a bhaint amach, beag beann ar an chur chuige a roghnaítear. Ina ainneoin sin, má roghnaíonn múinteoir cur chuige áirithe ar nós FCÁT d'aon turas, bheifeá ag súil leis go bpléifeadh siad na haidhmeanna le cúntóirí le comhpháirtíocht a chinntiú ina gcomhiarrachtaí.



Ó tharla gur chuir formhór na múinteoirí (féach thuas) in iúl go gcreideann siad gur chóir go mbeadh meascán d'ábhar agus de theanga mar bhonn faoi sheomra ranga rathúil, thiocfadh dó go bhfuil cur chuige FCÁT á úsáid ag roinnt múinteoirí i ngan fhios dóibh. Mar sin féin, bunaithe ar thorthaí in Ó Ceallaigh (2021) i suíomhanna oideachais cosúil leis sin ó dheas, cé go n-admhaíonn múinteoirí a thábhachtaí agus atá sé ábhar agus teanga a nascadh, b'fhéidir go dtabharfadh siad tús áite don ábhar thar an fhorbairt teanga sna cleachtais teagaisc s'acu.

- **Gaeilge na ndaltaí a cheartú**



Léaráid 70: An ndéanann tú Gaeilge labhartha na ndaltaí a cheartú? (Múinteoirí)

Léaráid 71: An ndéanann tú Gaeilge labhartha na ndaltaí a cheartú? (Cúntóirí)



Léaráid 72: An ndéanann tú Gaeilge scríofa na ndaltaí a cheartú? (Múinteoirí)


Léaráid 73: An ndéanann tú Gaeilge scríofa na ndaltaí a cheartú? (Cúntóirí)

Nuair a fhaightear amach an gceartaíonn cleachtóirí Gaeilge na ndaltaí, tugtar léargais luachmhara ar a gcur chuige oideolaíoch agus a ndearcadh ar chothromaíocht aimsiú idir muinín na scoláirí a chothú agus úsáid cheart na teanga a chur chun cinn (Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2021). Cé go mbeifí ag súil leis go ndéanfadh múinteoirí a bhfuil teagasc teanga mar phríomhchúram orthu Gaeilge na ndaltaí a cheartú mar chuid dá ról, is díol suime é cur chuige ginearálta na múinteoirí maidir leis seo a fhiosrú. I measc na múinteoirí ar fad a thug freagra, mhaígh 46% go gceartaíonn siad Gaeilge labhartha na ndaltaí, agus


mhaígh 42% go gceartaíonn siad a gcuid Gaeilge scríofa. Tháinig patrún cosúil leis sin chun solais i measc na gcúntóirí ranga, agus dúirt 42% go gceartaíonn siad an dá rud.

Is suntasach, i gcás Gaeilge labhartha agus scríofa, go ndeir céatadán nach beag de mhúinteoirí agus cúntóirí go mbíonn an cinneadh s'acu le daltaí a cheartú ag brath ar an mheancóg féin (Walsh, 2007). Is minic a luaitear an prionsabal 'ceartú le cineáltas' [*correction with kindness*], nuair a chuirtear an fhoirm cheart in iúl don dalta gan iad a bheith ag mothú nach bhfuil siad maith go leor. Dearbhaíonn roinnt múinteoirí agus cúntóirí gurb é an ról atá acu ná cumarsáid éifeachtach a chur chun cinn, agus cé go ndéanann siad daltaí a cheartú, ní cheartaíonn siad achan mheancóg a fhad is go dtuigtear an teachtaireacht, chun scoláirí a chosc ar mhuinín a chailleadh.

- Breith ar fhiúntas



Léaráid 74: Cé acu ráiteas atá fíor?
(Dar le múinteoirí)



Léaráid 75: Cé acu ráiteas atá fíor?
(Dar le cúntóirí)

Bhí sé mar aidhm don cheist dheiridh sa rannán seo plé a dhéanamh ar a thábhachtaí agus atá inniúlacht teanga le bheith i do chleachtóirí éifeachtach Gaeloideachais. I measc na múinteoirí, dearbhaíonn 66% nach féidir le duine a bheith ina mhúinteoir éifeachtach Gaeloideachais gan leibhéal inniúil Gaeilge, agus creideann 34% nach í an inniúlacht teanga an ghné is tábhachtaí don éifeachtacht. Bhí na torthaí do chúntóirí giota níos cothroime, agus 53% ag maíomh nach í inniúlacht teanga amháin an t-aon chinntitheach i dtaca le teagasc éifeachtach.

Tá bailíocht éigin ag an dá dhearcadh. Is fíor gan amhras, le cuspóirí teanga an tumoideachais a chomhlíonadh, gur gá tuiscint dhaingean a bheith agat ar an teanga le feidhmiú mar eiseamláir agus mar mhúinteoir teanga. Ligeann inniúlacht teanga do mhúinteoirí sealbhú teanga a scafláil agus a éascú i measc na ndaltaí. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a aithint gur múinteoir go fóill é an múinteoir Gaeloideachais, agus go gcuimsítear tréithe agus scileanna éagsúla sa teagasc éifeachtach (Shulman, 1999; David (2020). Ní leor ard-inniúlacht sa Ghaeilge lena chinntiú go seachadfaidh an múinteoir an t-eolas seo do dhaltaí ar bhealach éifeachtach, nó go gcruthóidh sé an timpeallacht foghlama is fearr.

Tá réimse cumas i gceist le teagasc éifeachtach, lena n-áirítear saineolas oideolaíoch, straitéisí teagaisc, bainistíocht ranga, cothú comhbhá, agus an cumas le riaradh ar riachtanais éagsúla na ndaltaí. Cé gur gné ríthábhachtach den teagasc Gaeloideachais í inniúlacht teanga gan dabht, ní hí an t-aon chinntitheach i dtaca le héifeachtacht. Tá cur chuige cothrom a chuimsíonn inniúlacht teanga agus cleachtais éifeachtacha teagaisc de dhíth le hoideachas ardchaighdeáin a sholáthar i suíomh tumoideachais.

Léiríonn na torthaí seo cé chomh casta agus atá sé a bheith i do chleachtóir éifeachtach Gaeloideachais, agus atá ilghnéitheacht na scileanna agus na dtréithe atá de dhíth. Is féidir le deiseanna forbartha gairmiúla, FGM agus tacaíocht, cuidiú le múinteoirí agus cúntóirí a n-inniúlacht teanga, a straitéisí oideolaíochta, agus a n-éifeachtacht ghinearálta i gcomhthéacs tumoideachais a fheabhsú i rith an ama.


Cleachtais sa tseomra ranga: conclúid

Tá tionchar ag inniúlacht teanga na gcleachtóirí ar a gcleachtais ranga, agus rachaidh an méid ama a chaitheann siad ag teagasc na teanga i bhfeidhm ar a bhfeasacht teanga féin. Admhaíonn cleachtóirí an tionchar a bhíonn acu ar dhul chun cinn teanga na ndaltaí agus déanann siad a ndícheall a bheith ina n-eiseamláirí teanga, ní féidir leo seo a dhéanamh ach bunaithe ar a gcumas teanga féin agus ar a bhfeasacht ar oideolaíocht teanga, agus chuirfeadh deiseanna cuí FGL/FGM leis an dá rud.


Riachtanais oiliúna

Príomhchuspóir an taighde seo ná cur leis an tuiscint ar fheasacht teanga maidir le FGL/FGM. Ó tharla gur gnéithe lárnacha d'fhás gairmiúil na gcleachtóirí iad oiliúint agus forbairt, is gá an cultúr agus an fhorbairt atá i scoileanna faoi láthair agus an tacaíocht a chuireann na húdaráis oideachais ar fáil a fhiosrú. Trí dheiseanna oiliúna a ailíniú leis na riachtanais forbartha atá aitheanta, is féidir linn a chinntiú go dtugtar tacaíocht spriocdhírthe do chleachtóirí lena bhfeasacht teanga agus a gcleachtais oideolaíocha a fheabhsú.

- Plé ar riachtanais



Léaráid 76: Cé chomh minic agus a phléitear riachtanais oiliúna? (Dar le ceannairí)



Léaráid 77: Cé chomh minic agus a phléitear riachtanais oiliúna? (Dar le múinteoirí)




Léaráid 78: Cé chomh minic agus a phléitear riachtanais oiliúna? (dar le cúntóirí)


Is iad na ceannairí oideachais atá freagrach as plé ranga a éascú, agus as cur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt ghairmiúil a bhfoirne. I measc na gceannairí a ghlac páirt sa tsuirbhé, deir 80% go mbíonn comhráite acu lena bhfoireann faoin fhorbairt ghairmiúil ar a laghad uair sa bhliain. Mar sin féin, is cosúil go bhfuil difear i minicíocht na gcainteanna seo ag brath ar an ról sna scoileanna.

Cé go n-aontaíonn 48% go mbíonn na comhráite seo acu ar a laghad uair sa bhliain, deir 42% gur annamh a tharlaíonn sé. Is suntasach go maíonn formhór mór de na múinteoirí (62%) gur annamh a bhíonn a leithéid de chomhráite ann. Léiríonn na torthaí seo na cultúir éagsúla sna scoileanna éagsúla i dtaca le forbairt ghairmiúil, agus go mb'fhéidir go bhfuil neamhréir ann idir an rud a deir múinteoirí agus eispéireas na gcleachtóirí féin.


- **Deiseanna oiliúna**



Léaráid 79: An dtugtar a lán deiseanna oiliúna don fhoireann? (Ceannairí)




Léaráid 80: An dtugtar a lán deiseanna oiliúna duit? (Múinteoirí)




Léaráid 81: An dtugtar a lán deiseanna oiliúna don fhoireann? (Cúntóirí)

Maíonn sciar suntasach de mhúinteoirí (68%) agus múinteoirí (61%) nach bhfaigheann siad ach deiseanna teoranta, nó níos lú deiseanna ná mar ba mhian leo, rud nach bhfuil ag teacht leis an méid a deir ceannairí mar maíonn 80% go dtugtar go leor deiseanna oiliúna don fhoireann. Is cosúil go bhfuil difear idir ceannairí agus cleachtóirí maidir le cad é leis a mbíonn daoine ag súil i dtaca le cad is deiseanna rialta oiliúna ann.

- **An tÚdarás Oideachas**



Léaráid 82: An bhfuil tú sásta le cúrsaí an ÚO? (Múinteoirí)




Léaráid 83: An bhfuil tú sásta le cúrsaí an ÚO? (Cúntóirí)


Tá dualgas reachtúil ar an ÚO deiseanna forbartha a chur ar fáil d'fhoirne, agus cuireann siad an-bhéim air seo. Tá straitéis chuimsitheach curtha le chéile acu d'fhorbairt daoine, ina bhfuil conairí oiliúna áirithe atá curtha in oiriúint do chéimeanna éagsúla gairme². Déanann siad réimse cúrsaí a thairiscint gach bliain, mar atá leagtha amach in Aguisín 6, agus cuireann siad maoiniú ar fáil do chúrsaí seachtracha trí chlár ar nós an Learning Leaders Scheme. Maíonn siad fosta go ndéanann siad an gá a mheas trí shuirbhéanna a dhéanamh ar chleachtóirí agus anailís a dhéanamh ar aiseolas faoi chúrsaí a d'eagraigh siad.

In ainneoin na n-iarrachtaí seo, is ábhar imní é nach bhfuil sciar suntasach de mhúinteoirí (54%) agus cúntóirí ranga (58%) cinnte faoi na deiseanna a chuireann an tÚO ar fáil. Ina theannta sin, deir 23% de mhúinteoirí nach bhfuil siad sásta lena bhfuil ar fáil faoi láthair. Tugann na torthaí seo le fios go bhfuil bearna idir iarrachtaí an údaráis agus eispéireas na gcleachtóirí.

- Oiliúint Teanga an ÚO




Léaráid 84: An gcuireann an tÚO go leor béime ar uasoiliúint teanga? (Dar le ceannairí)



Léaráid 85: An gcuireann an tÚO go leor béime ar uasoiliúint teanga? (Dar le múinteoirí)

² <https://www.eani.org.uk/ea-staff-hub/hr-online/career-development-organisational-development-learning>




Léaráid 86: An gcuireann an tÚO go leor béime ar uasoiliúint teanga? (Dar le cúntóirí)

Tá an taighde seo dírithe ar chumas teanga. Léiríonn na freagraí thuas go gcreideann 80% de cheannairí nach gcuirtear go leor béime ar oiliúint teanga ina gcuid clár. Ar an dóigh chéanna, maíonn formhór na múinteoirí (58%) nach bhfuil a fhios acu cad iad na deiseanna oiliúna teanga atá ar fáil, agus ardaíonn an céatadán seo go 71% i measc na gcúntóirí.


I ndiaidh amharc ar na cúrsaí oiliúna atá curtha ar fáil ag an ÚO in 2023 (féach Aguisín 6) is léir nach dtugtar tús áite do chumas teanga. Le linn an phlé le hionadaithe ón ÚO, míníodh gur gá riar ar riachtanais fhormhór na ndaoine mar gheall ar acmhainní a bheith teoranta. Mar sin féin, tá daoine tiomanta, cumasacha ann don tumoideachas agus is léir go bhfuil toilteanas ann an earnáil a chur chun cinn. Déantar iarrachtaí tumoideachas a chur san áireamh i gcuid den oiliúint. Is fiú a lua, áfach, gur minic a bhaineann sé seo le hoiliúint a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge seachas oiliúint a dhíríonn go sainiúil ar inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

Ar a bharr sin, ba léir ón phlé nach bhfuil cumas teanga ina phríomhchuspóir i straitéis oiliúna an ÚO. Is é an sprioc uileghabhálach ná cleachtóirí cumasacha a oiliúint le go mbeidh siad ábalta feidhmiú go héifeachtach i suíomh oideachais ar bith, agus níl san inniúlacht teanga ach gné amháin dá gcumas iomlán.


- **An Mol Gaeloideachais**



Léaráid 87: An bhfuil tú ar an eolas faoi Mhol Gaeloideachais an *ÚO*? (Ceannairí)



Léaráid 88: An bhfuil tú ar an eolas faoi Mhol Gaeloideachais an *ÚO*? (Múinteoirí)




Léaráid 89: An bhfuil tú ar an eolas faoi Mhol Gaeloideachais an *ÚO*? (Cúntóirí)


Tá an Mol Gaeloideachais ar cheann de na nuálaíochtaí dearfacha saincheaptha a thug an tÚO isteach, mar atá léirithe in aguisín 7. Cuireann an Mol Gaeloideachais réimse acmhainní oiliúna teanga ar fáil do chleachtóirí tumoideachais, a chlúdaíonn réimsí ar nós na gramadaí agus an fhuaimnithe. Cé nach soláthraíonn an Mol Gaeloideachais curaclam struchtúrtha ná creidiúnú, léiríonn sé go n-admhaíonn an tÚO gur gá tacaíocht teanga a sholáthar do chleachtóirí.

Cé gur forbairt nua é an Mol Gaeloideachais, léiríonn torthaí an tsuirbhé nach mbaintear úsáid fhorleathan as i measc na gcleachtóirí. Tá formhór suntasach múinteoirí (85%) agus na gcúntóirí (84%) nár chuala faoi riamh nó nár bhain úsáid as. Chomh maith leis sin, creideann 80% de cheannairí nach bhfuil na acmhainní atá ar fáil ar an Mhol Gaeloideachais go hiomlán fóirsteanach dá gcuid riachtanas.

- **Deiseanna oiliúna a aimsiú**



Léaráid 90: An bhfuil sé furasta deiseanna oiliúna a aimsiú? (Dar le múinteoirí)



Léaráid 91: An bhfuil sé furasta deiseanna oiliúna a aimsiú? (Dar le cúntóirí)

Is minic a bhíonn ualach trom oibre ar chleachtóirí, rud a chiallaíonn nach mbíonn go leor ama acu deiseanna oiliúna a chuardach go gníomhach. Tuairiscíonn céatadán nach beag de mhúinteoirí (46%) agus de chúntóirí (32%) nach mbíonn sé furasta acu deiseanna oiliúna a aimsiú. Ina theannta sin, cuireann 39% de mhúinteoirí agus 37% de chúntóirí in iúl go bhfuil poiblíocht agus feiceálacht níos fearr de dhíth ar na cúrsaí oiliúna, rud a thugann le tuiscint go mb'fhéidir nach bhfuil na bealaí reatha le teacht ar oiliúint ag freastal ar a gcuid riachtanas go héifeachtach.

- **Constaicí roimh oiliúint**

Constaic	Dar le ceannairí	Dar le múinteoirí	Dar le cúntóirí
An t-am a fháil le tabhairt faoi chúrsaí	100%	88%	79%
An t-am a fháil le hobair a dhéanamh/Spreagadh a bheith agat	40%	58%	58%
Costas/maoiniú	60%	50%	58%
Oiriúnacht na gcúrsaí	80%	19%	26%

Léaráid 92: Constaicí roimh oiliúint

Measann 61% de mhúinteoirí agus 63% de chúntóirí gur tosaíochtaí iad FGL/FGM. Mar sin féin, tá go leor constaicí ann a chuireann bac orthu an cuspóir seo a chomhlíonadh. Is é an chonstaic is mó a sainaitníodh ná an dúshlán a bhaineann le ham saor a shocrú, agus maíonn 100% de cheannairí, 88% de mhúinteoirí, agus 79% de chúntóirí deacrachtaí maidir le clúdach a fháil le linn an lá scoile nó am a fháil taobh amuigh d'uaireanta oibre de bharr dualgais teaghlaigh. Chomh maith leis sin, is constaic é an t-am a fháil leis an obair chúrsa a dhéanamh 58% de mhúinteoirí agus 58% de chúntóirí.

Ar a bharr sin, maíonn 60% de cheannairí, 50% de mhúinteoirí agus 58% de chúntóirí go bhfuil sé doiligh maoiniú a fháil. Tá sé seo spéisiúil nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil maoiniú á thairiscint ag an ÚO trí scéimeanna ar nós an Learning Leaders Scheme. Tá sé tugtha faoi deara, áfach, mar gheall ar neamhchinnteacht bhliantúil faoi leibhéil mhaoinithe agus moilleanna ar fhógraíocht agus ar riar na scéime, go mbíonn ar go leor cleachtóirí íoc as cúrsaí roimh ré, agus iad ag súil go mbeidh maoiniú ar fáil ina dhiaidh sin.

Ar a bharr sin, maíonn 80% de cheannairí, 19% de mhúinteoirí agus 26% de chúntóirí gur constaic é nach bhfuil cúrsaí fóirsteanacha ar fáil. Thiocfadh dó gurb é an bunús atá leis an rátáil níos airde ó cheannairí ná an fhreagracht atá orthu a choinneáil ar an eolas faoi chúrsaí atá ar fáil, ach luaigh múinteoirí agus cúntóirí roimhe seo a n-easpa feasachta maidir leis na cúrsaí atá ar fáil.

- **Cúrsaí a bhaineann le hábhar**

Constaic	Dar le ceannairí	Dar le múinteoirí	Dar le cúntóirí
Cúrsaí ar theagasc teanga	100%	46%	5%
Cúrsaí ar theagasc gramadaí	80%	69%	26%
Cúrsaí ar shaibhreas teanga	80%	96%	31%
Cúrsaí ar an Ghaeilge chaighdeánach	20%	46%	0%
Cúrsaí ar chruinneas teanga	60%	85%	10%
Cúrsaí ar fhuaimniú	20%	19%	0%
Cúrsaí ar líofacht	40%	19%	26%

Léaráid 93: Cúrsaí a bhaineann le hábhar


Déanann roinnt institiúidí tríú leibhéal taighde margaidh ar chúrsaí inmhianaithe, ach de ghnáth bíonn an taighde seo dírithe ar an margadh ghinearálta seachas a bheith dírithe go sainiúil ar an earnáil Ghaeloideachais. Maíonn an tÚO go ndéanann siad suirbhé ar chleachtóirí lena gcuid riachtanas a mheas, ach mar a luadh cheana féin, tugann na suirbhéanna seo aghaidh ar chúrsaí ginearálta go príomha ar mhaithe le achán mhúinteoir seachas ar mhúinteoirí Ghaeloideachais agus ná ar oiliúint teanga go sainiúil. Feictear thuas na cineálacha cúrsaí a bheadh suimiúil do na freagróirí sa taighde seo.

Ag barr an liosta, tá cúrsaí a bhaineann le saibhreas teanga. Chuideodh na cúrsaí seo le cleachtóirí an Ghaeilge níos dúchasaí a úsáid, saor ó thionchar an Bhéarla, agus bheadh siad dírithe ar úsáid cheart na teanga. An chéad réimse eile ná cúrsaí gramadaí. Chuir a lán cleachtóirí in iúl go síleann siad go dtiocfadh leo a gcrúineas gramadaí a fheabhsú sa Ghaeilge labhartha agus scríofa. Rachadh na cúrsaí seo i ngleic leis seo trí staidéar a dhéanamh ar bhunrialacha moirfeolaíochas agus comhréire na teanga, iad a aithint i gcomhthéacs, agus cleachtadh a sholáthar maidir le meancóga a chur in eagar, a aimsiú agus a cheartú. Bhí an méid céanna suime i gcúrsaí a bhain le teagasc na gramadaí. Cé gur maíodh go bhfuil muintín ag daoine sa réimse seo, admhaítear go bhféadfaí feabhas a chur ar eolas faisnéiseach agus ar dhea-chleachtais oideolaíochas. Bheadh sé d’aidhm ag na cúrsaí seo an ghramadach a dhéanamh inrochtana do dhaltáí agus na struchtúir is ábhartha a theagasc ag an am chuí sa phróiseas foghlama.

Léiríodh suim fosta i gcúrsaí ar theagasc teanga go ginearálta. Ó tharla go bhfuil achan chleachtóir Gaeloideachais ina mhúinteoir teanga go pointe áirithe, tá sé tábhachtach dea-chleachtas a leanúint maidir leis seo, ina bhfuil fócas ar FCÁT. I measc na gcúrsaí eile a bhaineann le hábhar, tá na cinn a fhiosraíonn na difríochtaí idir an Ghaeilge chaighdeánach agus an Ghaeilge chanúnach, cúrsaí le líofacht labhartha a fheabhsú, agus cúrsaí ar an fhuaimniú.

Is ábhar misnigh é na cúrsaí éagsúla a bheadh suimiúil do chleachtóirí a thabhairt faoi deara. Tá sé tábhachtach a lua, áfach, cé gur gá cúrsaí suimiúla a chruthú, tá sé níos tábhachtaí go fóill cúrsaí a fhorbairt a thugann aghaidh ar bhearnaí eolais go héifeachtach. Níl na láidrí agus na laigí teanga a luadh thuas ag teacht go hiomlán leis na cúrsaí atá luaite anseo, ach amháin na cúrsaí ar fheasacht ghramadaí. Mar sin de, is gá na sonraí seo a úsáid in éineacht le sonraí ar bhearnaí teanga measúnaithe, ar féidir iad a fháil trí úsáid a bhaint as an ghreille féinmheasúnaithe agus an triail ar chumas teanga a cruthaíodh mar chuid den tionscadal seo (féach aguisín 8,9).

- Creidiúnú na gcúrsaí



Léaráid 94: An mbeadh tábhacht le cúrsaí creidiúnaithe? (dar le ceannairí, múinteoirí agus cúntóirí)


Agus cúrsaí á dtairiscint, tá dhá rogha le smaoineamh fúthu: cúrsaí neamhspleácha neamhchreidiúnaithe nó cúrsaí creidiúnaithe. De ghnáth bíonn cúrsaí neamhspleácha níos gairide, bíonn siad níos saoire, bíonn siad níos solúbtha agus bíonn níos lú obair chúrsa le déanamh. An míbhuntáiste is mó a bhaineann leo ná go bhfuil siad teoranta ó thaobh scóipe de, níl an t-aitheantas céanna acu agus atá ag cúrsaí creidiúnaithe taobh amuigh den earnáil Ghaeloideachais. Os a choinne sin, amharctar ar chúrsaí creidiúnaithe mar an caighdeán is airde mar tá teagasc níos doimhne iontu ó shaineolaithe agus tugann

siad cáilíocht aitheanta a bheas luachmhar taobh amuigh den earnáil fiú. I measc ná míbhuntáistí a bhaineann le cúrsaí creidiúnaithe, tá an méid ama a bhíonn de dhíth le cúrsa iomlán a dhéanamh, solúbthacht sa tsoláthar, agus an costas a bhaineann leis an cháilíocht a fháil.

Tá sé intuigthe go síleann 59% de na freagróirí go bhfuil tábhacht le creidiúnú. Nuair a chaitheann daoine a gcuid ama (agus corruair a gcuid airgid) ar chúrsa, bíonn siad ag iarraidh rud éigin inláimhsithe ar a shon.

Nuair a bhíonn cúrsaí á ndearadh agus á dtairiscint, tá sé fíorthábhachtach cothromaíocht a aimsiú idir riar ar riachtanais na gcleachtóirí, rud a chinntíonn go mbíonn cúrsaí inacmhainne agus inrochtana, agus roghanna creidiúnaithe a thabhairt atá luachmhar agus aitheanta.

- Freagracht as oiliúint a chur ar fáil



Léaráid 95: Cé atá freagrach as oiliúint a chur ar fáil? (dar le ceannairí)


Tá dualgas reachtúil ar an ÚO maidir le hoiliúint, agus creideann 33% de na freagróirí go bhfuil siad freagrach as conairí saincheaptha a chruthú faoi choinne oiliúint teanga. Mar an t-údarás atá freagrach as an earnáil Ghaeloideachais, níl oiliúint taobh istigh de chúram CnaG, ach tá tuiscint mhaith acu ar riachtanais na hearnála, mar sin de, creideann 27% de na freagróirí gur chóir go mbeadh siad freagrach as oiliúint.

Tá réimse níos leithne de chúrsaí sna hinstiúidí tríú leibhéal, ach ba chóir dóibh a ndícheall a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na hearnála oideachais is mó fáis sa Tuaisceart. Deir 27% de na freagróirí go bhfuil freagracht orthu freastal ar riachtanais na hearnála Gaeloideachais. Cé nach bhfuil dualgas rialála ar chuideachtaí príobháideacha cúrsaí a thairiscint don earnáil Ghaeloideachais, mothaíonn 6% de na freagróirí gur chóir dóibh a bheith freagrach as oiliúint fhóirsteanach a chur ar fáil.

Is díol suime é nach ndeir ach 7% de na freagróirí gur féidir leo cúrsaí a thairiscint go himmheánach ina n-instiúidí féin. Is dócha go mbaineann sé seo le srianta acmhainní, ar nós am teoranta, áiseanna teagaisc teoranta agus cistí teoranta. Mar sin féin, is fiú a lua go bhfuil saineolas ar leith ag scoileanna agus go bhfuil siad ábalta cúrsaí a thairiscint bunaithe ar a dtaithe féin, más féidir.

Tá ról ag achan aonán le haghaidh a thabhairt ar riachtanais na gcleachtóirí Gaeloideachais agus lena chinntiú go mbaineann an oiliúint a chuirtear ar fáil le hábhar, go bhfuil sí inrochtana, agus go riarann sí ar shainriachtanais na hearnála. Thiocthadh dó go ndéanfaí cláir oiliúna cuimsitheacha agus éifeachtacha a fhorbairt mar gheall ar chomhoibriú i measc na bpáirtithe leasmhara seo arbh fhéidir tacaíocht ó chleachtóirí a chinntiú.

- An modh staidéir



Léaráid 96: An modh staidéir is fearraí. (Dar le ceannairí, múinteoirí agus cúntóirí)

I bhfianaise na gconstaicí roimh oiliúint a pléadh thuas, tá an modh soláthair thar a bheith tábhachtach maidir le daoine a bheith ábalta tabhairt faoi chúrsaí. De réir thorthaí an tsuirbhé, síleann formhór na bhfreagróirí (52%) gurb iad cúrsaí ar an tsuíomh an rogha is fearr. Faigheann sé seo réitithe den ghá atá

le taisteal agus ligeann sé do sceidealú áisiúil le linn an téarma. I measc na míbhuntáistí, áfach, tá na deiseanna teoranta atá ann cúrsaí a eagrú agus an costas a bhaineann leis an chúrsa chéanna a reáchtáil níos mó ná uair amháin. Réiteach amháin air seo, b'fhéidir, ná na cnuasaigh scoileanna a thabhairt le chéile go hionad lárnach, rud a shioncrónadh sceidil le barr feabhais a chur ar na cúrsaí atá ar fáil.

Tá cúrsaí aisioncrónacha ar an dara rogha is mó éilimh (29%) i measc na bhfreagróirí, agus an buntáiste a bhaineann leo ná go bhfuil siad ar fáil am ar bith a bhíonn am ag cleachtóirí aonair dul i ngleic leo. Is é an príomh-mhíbhuntáiste atá leis an chur chuige seo ná an easpa piarfhoghlama agus an easpa idirghníomhaithe agus aiseolas fíor-ama ón teagascóir, rud is féidir a bheith luachmhar don fhorbairt ghairmiúil.

Síleann thart faoi 10% de na freagróirí go dtiocfadh le cúrsaí oíche an fhadhb a bhaineann le daoine a bheith fágtha ar lár ón ghnáthlá oibre a mhaolú. Is cóir a lua, áfach, fiú má chuirtear cúrsaí ar fáil sa tráthnóna, thiocfadh dó go gcuirfeadh taisteal agus dualgais teaghlaigh srian ar an rogha seo do go leor cleachtóirí atá ag obair san earnáil.

Bhí cúrsaí aisioncrónacha ar líne ar an rogha is lú éilimh (8%). Cé go bhfaigheann siad réitithe den am taistil, tá an tuairim i measc cleachtóirí gurb é caidreamh duine le duine an cur chuige is fearr faoi choinne teagaisc. I ndiaidh dóibh na deacrachtaí teicniúla agus oideolaíocha a bhain le soláthar ar líne a fheiceáil le linn na paidéime COVID-19, is cosúil go dtugann cleachtóirí tús áite do chaidrimh phearsanta .

- **Riachtanais oiliúna: conclúid**

Tá éagsúlachtaí i gcultúr na forbartha gairmiúla ar fud na scoileanna éagsúla agus tá bearnaí idir tuairimí na n-údarás agus eispéireas na gcleachtóirí. Tá roinnt constaicí soiléire praiticiúla roimh an fhorbairt fosta nach mór smaoineamh orthu.

Mar sin féin, trí aghaidh a thabhairt ar na constaicí atá aitheanta, cláir oiliúna a ailíniú le riachtanais na gcleachtóirí, treoir a fheabhsú agus comhoibriú a chothú i measc na bpáirtithe leasmhara, is féidir leis an earnáil Ghaeloideachais, tríd an ÚO agus CnaG, cultúr FGL/FGM a chur chun cinn - sa deireadh thiar,

chuirfeadh sé seo le feasacht teanga agus oideolaíochta i measc na gcleachtóirí, rud a mbeidh dea-thionchar aige ar dhaltaí.

Conclúidí

Léiríonn torthaí an staidéir a thábhachtaí agus atá sé gan a bheith ag brath go hiomlán ar an chumas atá tuairiscithe ná ar cháilíochtaí nuair a bhíonn feasacht teanga á measúnú. Tá sé ríthábhachtach cúlraí éagsúla teanga agus conairí éagsúla foghlama na múinteoirí agus na gcúntóirí ranga a aithint, chomh maith lena leibhéal muiníne, mar bíonn tionchar díreach ag na rudaí seo ar a gcumais taobh istigh de na scoileanna agus ar fud na scoileanna. Chun scoileanna teanga a choinneáil agus a fheabhsú, bíonn cothú, tacaíocht agus meantóireacht leanúnach de dhíth, agus caithfidh cleachtóirí agus ceannairí monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar inniúlacht teanga. Ní mór polasaithe agus treoir shoiléir a bhunú lena chinntiú go mbíonn cleachtóirí ar an eolas faoina ról mar eiseamláirí teanga.

Lena chois sin, léiríonn an tuarascáil an tionchar suntasach atá ag cumas teanga na gcleachtóirí agus ag an chultúr teanga go ginearálta sna scoileanna ar thorthaí teanga na ndaltaí. Faoi láthair, tá easpa feasachta agus saineolais ann maidir le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tugtar le fios sa tuarascáil fosta go bhfuil straitéisí níos fearr de dhíth faoi choinne aiseolas ó phiaraí agus piarmheasúnaithe, agus aiseolas ceart teanga a chur ar fáil, rud is féidir a bhaint amach trí thuiscint níos fearr a fháil ar ról na gcleachtóirí mar anailísithe agus múinteoirí teanga.

Nuair is cuí, is cóir do sholáthraithe na hoiliúna tosaigh athbhreithniú a dhéanamh ar an bhéim a chuireann siad ar chumas teanga agus ar oideolaíochtaí teanga. Admhaíonn siad siúd atá cáilithe agus fostaithe cheana féin go bhfuil feabhsú de dhíth agus léiríonn siad go bhfuil siad sásta tabhairt faoi thuilleadh oiliúna. Mar sin féin, léiríonn sainoiliúint teanga, constaicí praiticiúla, agus tosaíochtaí iomaíocha an phráinn atá le cur chuige nua i dtaca le hoiliúint. Is cóir don chur chuige seo tús áite a thabhairt do chúrsaí saincheaptha a chruthú bunaithe ar na fíor-riachtanais seachas ar thuairimí faoi riachtanas agus ar mhodh soláthair a bheas inrochtana i ndáiríre do bhaill foirne atá faoi bhrú oibre cheana féin.

Súil siar ar na ceisteanna taighde

Cén tionchar atá ag cúlra teanga na gcleachtóirí ar a gcumas teanga?

Léiríonn an taighde go bhfuil tionchar nach beag ag cúlra teanga na gcleachtóirí ar a gcumas teanga. I gcás na gcleachtóirí siúd a bhfuil cúlra teanga láidir acu, bíodh sin trí fhás aníos nó maireachtáil i dtimpeallachtaí dátheangacha nó trí oideachas a fháil ar fheasacht teanga, de ghnáth bíonn leibhéal níos airde cumais teanga acu. Os a choinne sin, bíonn dúshláin teanga ag na cleachtóirí siúd nach bhfuair ach teagmháil theoranta leis an teanga trína gconair fostaíochta agus b'fhéidir go mbeadh leibhéal níos ísle cumais teanga agus muiníne acu. Leis seo a thuiscint mar is ceart, ní mór dúinn féinmheasúnú agus measúnú oibiachtúil a chur le chéile.

Cad é an difear idir cumas teanga na gcleachtóirí atá tuairiscithe agus an ábaltacht atá acu?

Seans nach léireodh an cumas teanga agus na hiompraíochtaí atá tuairiscithe an ábaltacht atá acu nó a gcleachtas. B'fhéidir go mbeadh rómheas ag roinnt cleachtóirí ar a gcumais teanga, mar gheall ar chlaontachtaí féinbhraistinte nó ar easpa feasachta ar a lochtanna. Os a choinne sin, b'fhéidir go ndéanfadh cleachtóirí atá umhal nó a bhfuil easpa muiníne acu a gcumas teanga a ghanmheas. Mar sin féin, is féidir neamhréir a bheith ann idir an rud a thuairiscíonn cleachtóirí agus a bhfíorchumas teanga, mar is léir ó mheasúnú oibiachtúil.

Cad é mar a théann an cultúr teanga i scoileanna i bhfeidhm ar iompraíochtaí agus muinín teanga na gcleachtóirí?

Tá ról fíorthábhachtach ag an chultúr teanga i scoileanna maidir le múnlú na n-iompraíochtaí agus na muiníne teanga atá ag cleachtóirí agus daltaí araon. Is féidir le cultúr teanga dearfach, ó bharr na scoile, a bhfuil meas aige ar bharr feabhais teanga agus a chuireann deiseanna ar fáil d'úsáid teanga atá cruinn agus saibhir, agus feabhsú, cur le pobal na scoile uile. Os a choinne sin, thiocfadh le cultúr diúltach teanga, nach gcuireann go leor béime ar chruinneas teanga, cur in éadan forbairt teanga gan chuimhneamh, agus bac a chur ar fhás teanga agus ar mhúnlú na gcleachtóirí agus na mac léinn araon. Is féidir an cultúr teanga atá ag scoil a chódú i bpolasaí teanga láidir agus sa phlean forbartha teanga atá in éineacht leis.

Cad é an nasc idir cumas teanga na gcleachtóirí agus torthaí teanga na ndaltaí?

Tá tionchar díreach ag cumas teanga na gcleachtóirí ar thorthaí teanga na ndaltaí. Nuair a bhíonn a lán feasachta teanga ag cleachtóirí, is féidir leo foghlaim teanga a léiriú agus a éascú do na daltaí go héifeachtach. Bíonn dea-thionchar ag an chumas atá acu teagasc soiléir a sholáthar, foghlaim teanga a ionchorprú tríd an churaclam, tacaíocht teanga a thairiscint, measúnuithe fóirsteanacha teanga a chruthú agus timpeallacht shaibhir teanga a chothú ar fhorbairt agus ar ghnóthachtáil teanga na ndaltaí.

Cad é mar a théann cumas teanga na gcleachtóirí i bhfeidhm ar a n-ábaltacht le hábhar a sholáthar trí mheán T2

Tá tionchar nach beag ag cumas teanga na gcleachtóirí ar a n-ábaltacht le hábhar a sholáthar trí mheán T2. Bíonn cleachtóirí a bhfuil ardfeasacht teanga acu i dT2 níos muiníní in atmaisféar tumoideachais agus bíonn siad níos ábalta comhthéacsanna agus smaointe casta a mhíniú agus páirt a thabhairt do dhaltaí i gcomhráite fiúntacha. Thiofadh dó go mbeadh easpa muiníne gníomhúla ag cleachtóirí a bhfuil feasacht theoranta T2 acu, rud a chuireann srian ar a n-úsáid agus a n-éagsúlacht teanga, agus a fhágann réim leamh. Seans go mbíonn siad ag streachailt fosta le faisnéis a chur in iúl go héifeachtach, le haiseolas ceartaitheach a thairiscint agus le dul i ngleic leis na dúshláin foghlama ar leith atá ag dalta.

Cad iad na straitéisí a úsáideann cleachtóirí leis na bearnaí teanga atá acu a líonadh?

Bíonn straitéisí ag cleachtóirí spreagtha a dtugtar go leor tacaíochta, treorach agus ama dóibh chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí teanga atá acu. I measc na straitéisí seo, tá féinstaidéir, cúrsaí nó ranganna teanga pobalbhunaithe, cleachtadh teanga le piaraí nó le cainteoirí dúchais, úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fail ar líne, meantóireacht nó treoir a lorg ó phiaraí atá níos faide ar aghaidh ó thaobh na teanga de agus cúrsaí forbartha gairmiúla a dhéanamh de réir na riachtanas atá aitheanta acu féin.

Cad iad na deiseanna forbartha atá ann, cad iad na cinn is éifeachtaí agus cad iad na bearnaí atá le líonadh?

Tá a lán cúrsaí ginearálta ar fáil ar líne agus sa phobal leis an Ghaeilge a fhoghlaim. Is féidir leo cuidiú le cleachtóirí muinín a chothú sula dtabharfaidh siad faoi chúrsaí cáilithe níos struchtúrtha níos déine m.sh., in institiúidí tríú leibhéal.

Taobh istigh den earnáil Ghaeloideachais, cé go bhfuil siad teoranta, tá cláir oiliúna, ceardlanna, seimineáir, comhdhálacha agus litríocht scolártha atá dírithe ar oideolaíocht agus inniúlacht teanga, ar féidir leo cur leis an eolas agus an muinín atá ag cleachtóir.

Taobh istigh de scoileanna aonair, tá roinnt ceannairí agus comhghleacaithe atá sásta meantóireacht, léirmheastóireacht chuiditheach agus tacaíocht a thabhairt, agus is cosúil go bhfuiltear ag iarraidh pobail foghlama comhoibríocha idir scoileanna, más féidir é seo a éascú.

Léiríonn an taighde seo, áfach, go bhfuil bearnaí ann maidir le hoiliúint shaincheaptha do chleachtóirí Gaeloideachais in achan réimse den fheasacht teanga .i. inniúlacht teanga, anailísiú teanga agus oideolaíocht teanga.

Moltaí

- **Cleachtóirí (mura bhfuiltear á ndéanamh cheana féin)**
 - Glac freagracht phearsanta as feasacht teanga agus cur chuige réamhghníomhach lena teagasc.
 - Socraigh spriocanna foghlama agus lorg deiseanna FGM/FGL bunaithe ar an fhoirm féinmheasúnaithe agus na trialacha feasachta teanga.
 - Bí eolach ar FCÁT agus tabhair faoi chleachtas athmhachnaimh le bheith ag smaoineamh faoin dóigh a dtéann cleachtas sa tseomra ranga agus aiseolas fiúntach ceartaitheach i bhfeidhm ar thorthaí teanga na ndaltaí.
 - Bíodh comhráite gairmiúla agat agus bí ag comhoibriú faoi choinne feasacht teanga.
 - Úsáid do dhea-chleachtas féin mar chás-staidéir agus déan iad a roinnt le comhghleacaithe ar fud na hearnála.
 - Más gá, faigh meantóir teanga sa scoil - cuir profáil agus aiseolas isteach sna sruthanna oibre.

- **Ceannairí (mura bhfuiltear á ndéanamh cheana féin)**
 - Ná déan neamhaird den fheasacht teanga i measc na foirne - ní mór measúnú, plé, agus monatóireacht a dhéanamh air seo agus ní mór forbairt teanga a phleanáil.
 - Déan polasaí teanga na scoile a neartú agus a fhógairt, ag iarraidh cultúr teanga na scoile a fheabhsú.
 - Neartaigh an measúnú ar iarratasóirí agus nuair a fhostaítear duine a bhfuil bearnaí teanga aige, déan nasc idir dul chun cinn teanga agus promhadh.
 - Déan deiseanna forbartha teanga don fhoireann a lorg agus a chur chun cinn agus déan iarracht bealaí a phleanáil leis na constaicí roimh chúrsaí a mhaolú.
 - Déan iarracht meantóireacht agus athbhreithniú criticiúil a chur chun cinn i measc na foirne agus éascaigh comhráite idirscoile ar theagasc teanga.
 - Déan éachtaí forbartha teanga na scoile a cheiliúradh.

- **CnaG (mura bhfuiltear á ndéanamh cheana féin)**
 - Úsáid an speisialtóireacht agus an saineolas san eagraíocht le deiseanna forbartha feasachta teanga a chur chun cinn.
 - Cuidigh leis an ÚO réitigh shaincheaptha a aimsiú ar dhúshláin teanga a oibreoidh go réalaíoch.
 - Déan eiseamláirí láidre teanga agus múinteoirí teanga san earnáil a cheiliúradh agus a chur chun cinn.
 - Éascaigh comhráite idirearnálacha ar fheasacht teanga agus léirigh an dea-chleachtas.

- **RO (mura bhfuiltear á ndéanamh cheana féin)**
 - Bíodh tuiscint ar an tionchar atá ag feasacht an chleachtóra ar thorthaí na ndaltaí san earnáil Ghaeloideachais.
 - Ba chóir go mbeadh sé ina pholasaí barr feabhais teanga a chur chun cinn.

- **An tÚO (mura bhfuiltear á ndéanamh cheana féin)**
 - Déan athbhreithniú ar a bhéim a leagtar ar oiliúint feasachta teanga agus bain úsáid as an tsaineolas atá ann go himheánach agus go seachtrach.

- Déan conairí oiliúna a leagan amach do chleachtóirí (múinteoirí nó cúntóirí) a bhfuil forbairt teanga le déanamh acu.
 - Déan athbhreithniú ar an chur chuige i leith cúrsaí seachtracha a mhaoiniú do chleachtóirí Gaeloideachais, agus déan é seo a fhógairt níos éifeachtaí.
 - Bailigh níos mó aiseolas fiúntach ar na cúrsaí ar tugadh fúthu agus roinn é seo leis na páirtithe ábhartha.
 - Bí i gcomhar le CnaG agus le soláthraithe 3ú leibhéal leis na bearnaí atá aitheanta sa tuarascáil seo a líonadh.
 - Déan forbairt bhreise ar an Mhol Gaeloideachais agus déan é a fhógairt go poiblí.
 - Measúnaigh an bhféadfaí mol oiliúna a bhunú do theagascóirí Gaeloideachais le cúrsaí aisioncrónacha a chur ar fáil, rianaigh rannpháirtíocht na mball foirne aonair agus déan na cúrsaí a chríochnaíonn siad a dhoiciméadú agus a chreidiúnú.
- **Soláthraithe cúrsaí oiliúna, Institiúidí tríú leibhéal san áireamh (mura bhfuiltear á ndéanamh cheana féin)**
- Nuair is cuí, déan athbhreithniú ar churaclaim lena chinntiú go gclúdaítear na trí réimse feasachta teanga mar is ceart in ábhar an chúrsa, i dtaca leis an sainteanga a bhíonn de dhíth i suíomhanna Gaeloideachais ag leibhéal éagsúla.
 - Fiosraigh a indéanta agus atá sé modúil/cúrsaí saincheaptha a dheardh/a thairiscint leis na bearnaí foghlama a líonadh mar atá aitheanta sa tuarascáil seo.

Liosta tagairtí

- Alanis, I., & Rodriguez, M. A. (2008). Sustaining a dual language immersion program: Features of success. *Journal of Latinos and Education*, 7(4), 305-319.
- Aziz, M. F., & Jayaputri, H. E. (2023). EFL Learners' Perspective on Corrective Feedback. *Scope: Journal of English Language Teaching*, 7(2), 219-225.
- Al-Sobhi, B. M. S. (2019). The Nitty-Gritty of Language Learners' Errors-Contrastive Analysis, Error Analysis and Interlanguage. *International Journal of Education and Literacy Studies*, 7(3), 49-60.
- Andrews, S. (2003). Teacher language awareness and the professional knowledge base of the L2 teacher. *Language awareness*, 12 (2), 81-95.
- Andrews, S. (2007). *Teacher language awareness*. Cambridge: Cambridge University press.
